

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

*Laois and Offaly
Education and Training Board*

Freagairt Bhord Oideachais
agus Oiliúna Laoise agus
Uíbh Fhailí (BO&OLU)
ar an ngéarchéim COVID-19

Tuarascáil Eatramhach

Clár Ábhair

Réamhrá ón bPríomhfheidhmeannach	5
----------------------------------	---

Mír 1:

Comhthéacs atá de shíor ag athrú taobh thiar de chinntí an Rialtais	6
---	---

Mír 2:

Freagairt na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúil (OSD)	11
---	----

2.1. Foireann Bainistíochta OSD	11
2.2. Acmhainní Daonna	11
2.3. Airgeadais	12
2.4. TFC	12
2.5. Soláthar	12
2.6. Foirgnimh	12
2.7. Cruinnithe Boird agus Fochiste	13
2.8. Conclúidí	13

Mír 3:

Éifeacht ar an Oideachas Dara Leibhéal agus Obair a sholáthar don Aos Óg	14
--	----

3.1. Na dúshláin a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus leis an gcumarsáid	14
3.2. Na dúshláin atá roimh an mhúinteoireacht agus an fhoghlaím	15
3.3. Dearcadh an mhúinteora	16
3.4. Scrúduithe Stáit an Teastais Shóisirigh	18
3.5. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach	18
3.6. An Ardteistiméireacht	18
3.7. Na Gráid Thuartha a bhainistiú	19
3.8. Dearcadh an Phríomhoide	20
3.9. Éifeacht ar thorthaí foghlama na mac léinn	21
3.10. Conclúidí maidir leis an Oideachas Dara Leibhéal	22
3.11. Freagairt ó Sheirbhísí Obair don Aos Óg	23
3.12. Soláthar Obair don Aos Óg a chistiú	23
3.12.1. Cláir nua a rolladh amach	24
3.12.2. Cláir reatha	24
3.13. Comhthionscadal Áitiúil Aos Óg Cruthaitheach Laoise Uíbh Fhailí	24
3.14. Cur Chuige straitéiseach maidir le Forbairt ar Obair don Aos Óg	25
3.15. Conclúidí ar Sheirbhísí Obair don Aos Óg	25
3.16. Music Generation Laoise	26
3.17. Ceolscoil Laoise	27

Mír 4:

An Tionchar ar an mBreisoideachas agus ar Sheirbhísí Oiliúna ——— 29

4.1. Freagairt na Foirne Bainistíochta Breisoideachais (FET)	30
4.2. Rialachas ar Dhearbhú Cáilíochta Pholasaithe (QA) agus Nósanna Imeachta	30
4.3. Athruithe ar Nósanna Imeachta QA	31
4.3.1. Measúnú Malartach	31
4.3.2. Scrúduithe Teoirice	32
4.3.3. Taispeántas Scileanna agus Tionscadail	33
4.3.4. Taithí Oibre	33
4.4. Athruithe ar Nósanna Imeachta Teastasaithe	33
4.4.1. Fíorú Inmheánach	33
4.4.2. Fíorú Seachtrach	34
4.4.3. Cruinnithe den Phainéal um Thorthaí a Fhaomhadh (RAP)	34
4.5. Éifeacht ar Sheirbhísí Áirithe ó bheith dúnta	35
4.5.1. Seirbhís Litearthachta	35
4.5.2. Oideachas Pobail	35
4.5.3. Seirbhísí Oiliúna	36
4.5.4. Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla agus Soláthróirí Sainoiliúna	36
4.5.5. Ógtheagmháil agus CTC	37
4.5.6. Cláir Iar-Ardteistiméireachta	37
4.5.7. Ionaid Oideachais i bpríosúin Phort Laoise agus Lár na Tíre	37
4.6. Freagairt ar riachtanais phráinneacha sa mhargadh saothair	38
4.6.1. Clár um Chosc agus Rialú ionfhabhtuithe	38
4.6.2. Clár Cianoibre	39
4.7. Dearcadh an Mhúinteora	39
4.8. Dearcadh an Fhoghlaimora	40
4.9. Conclúidí	41

Mír 5:

Conclúidí agus Moltaí ——— 42

5.1. Cumarsáid	42
5.2. Córais TF	42
5.3. Múinteoireacht agus Foghlaim	43
5.3.1. Foghlaim Chumaisc	43
5.3.2. Tacaíocht don Litearthacht Dhigiteach	44
5.4. Éifeacht ar an bhFoghlaim	45
5.5. Nuálaíocht agus Forbairt	46
5.6. Bainistiú agus Tacaíocht COVID-1	46

Aguisín 1: Téarma Tagartha don athbhreithniú ——— 47


Aguisín 2: Rialachas agus Struchtúr Bainistíochta BO&OLU maidir le Dearbhú Cáilíochta (QA) ——— 49

Réamhrá Ón bPríomhfheidhmeannach

Ó Mhárta 2020, tá tionchar suntasach le brath ar shochaí na hÉireann de bharr COVID-19, ar gach gné den saol. Tá athruithe bunaitheacha agus dúshlánacha tar éis teacht ar an earnáil oideachais agus oiliúna. Tá athruithe ann anois i modhanna múinteoireachta agus foghlama agus inár seirbhísí tacaíochta mar thoradh ar dhúnadh áiseanna oideachais agus oiliúna. Táim thar a bheith bródúil as an bhfreagairt iontach ón mbainistíocht agus ó fhoireann BO&OLU as a rinne siad chun a chinntiú go mbeadh leanúnachas ann inár seirbhísí agus na deacrachtaí seo romhainn. Bhí dúshlán dhifriúla ann san eagraíocht ach léirigh an fhoireann tiomantas diongbháilte i gcónaí dár luachanna. Go deimhin, is rud ionspioráideach é an ghairmiúlacht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a léirigh an fhoireann chun cinnte a dhéanamh de go mbeadh an taithí agus an toradh is fearr is féidir ag ár mic léinn i láthair an mhí-áidh agus na héiginnteachta. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil leis an triúr Stiúrthóirí as an gceannasaíocht a léirigh siad i rith an ama dhúshlánaigh seo. Thar mo cheannsa agus thar cheann an Bhoird, gabhaim buíochas ó chroí libh.

Sa tuarascáil seo déantar scrúdú ar na dúshláin agus ar na freagairtí i gach gné den mhéid a sholáthraímid; scoileanna iar-bhunscoile, cláir Bhreisoidheais agus Oiliúna agus seirbhísí, seirbhísí oideachas ceoil, seirbhísí don aos óg, agus tacaíocht agus forbairt eagraíochtúil. Ansin baintear tátal as an méid sin agus cuirtear moltaí ar fáil maidir le conas is féidir leis an eagraíocht dul i ngleic leis na dúshláin nua tar éis na tréimhse dianghlása chomh maith le conas is féidir linn na forbairtí agus na cleachtaí dearfacha a ionchorprú inár gcláir agus inár seirbhísí as seo amach.

Gabhaim buíochas le David Treacy (Iar-Stiúrthóir de chuid BO&O Chathair Bhaile Átha Cliath as a chuid ama agus léargais, agus an tuarascáil seo á tiomsú.



Joe Cunningham

Príomhfheidhmeannach

Mír 1:

An comhthéacs atá de shíor ag athrú atá taobh thiar de chinntí an Rialtais

Réamhrá

Ar 12 Márta d'fhógair an Taoiseach Leo Varadkar TD go mbeadh scoileanna, réamhscoileanna, timpeallachtaí breisoideachais agus ardoideachais ag dúnadh a ndoirse ar feadh tréimhse go dtí 29 Márta 2020. Cé go raibh bainistíocht BO&OLU ag déanamh monatóireachta ar an bhfreagairt náisiúnta ar an bpaindéim COVID-19 cheana féin, ní raibh mórán comharthaí ann roimh ré go ndéanfaí an cinneadh seo. Bhí sé curtha in iúl ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar 10 Márta *“go mbunófaí aon chinneadh chun scoileanna a dhúnadh ar chomhairle sláinte poiblí. Ag an bpointe seo, níl a leithéid de chomhairle ann. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh aon chinneadh maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19 comhréireach, riachtanach agus bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí ar leith. Bheadh freagairt d’aon chineál eile míchuí”*.¹

Sa chomhthéacs seo, bhí bainistíocht BO&OLU tar éis dul ar aghaidh le cúrsa inseirbhíse dhá lá don fhoireann bhainistíochta sna trí rannóga in BO&OLU, is é sin le rá Forbairt Tacáíochta Eagraíochtúil, Breisoideachas agus Oiliúint, agus na Scoileanna. Tá na hamlínte a bhaineann le cinntí an Rialtais leagtha amach thíos. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí faoi deara an cúlra cinnteoireachta a bhí de shíor ag athrú. Ní raibh sé soiléir cad a tharlódh agus ag amanna difriúla, bhí an chosúlacht ann go n-osclofaí na scoileanna agus na hionaid, agus go reáchtálfaí na Scrúduithe Stáit níos déanaí ná mar is gnáth. Mar seo bhí sé an-deacair do bhainistíocht BO&OLU agus d’fhoirne bainistíochta scoile/ionaid plean teagmhais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtúil chun leanúint leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim fad is a bhí na scoileanna dúnta.

Bá é an cinneadh tosaigh a rinne an Rialtas ná scoileanna a dhúnadh ar feadh dhá sheachtain go dtí 29 Márta. Bhí an Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí (Senior Management Team, SMT) den tuairim go gcuirfí seachtain eile leis seo agus go mbeadh na scoileanna dúnta go dtí Saoire na Cásca. Mar a tharla, bhí na scoileanna dúnta go dtí 21 Aibreán, agus ar deireadh bhí trí seachtaine de ghníomhaíochtaí scoile le pleanáil. Sa chéad choicís sin, an tosaíocht a bhí ann do mhúinteoirí ná obair a sholáthar do dhaltaí, an obair sin a fháil ar ais agus í a cheartú. Tugadh an moladh an mhúinteoireacht a bhogadh ar líne ag an bpointe seo, más amhlaidh gurbh fhéidir, do ranganna Scrúduithe Stáit ach níor cuireadh aon bhrú ar bhainistíocht na scoile bogadh go dtí an mhúinteoireacht ar líne do gach rang ag an bpointe seo.

Ar 24 Márta, d’fhógair an Roinn go mbeadh na scoileanna dúnta go dtí 19 Aibreán. Dá bharr, cuireadh brú breise ar fhoirne na scoile an teagmháil a choimeád beo le daltaí agus bogadh go dtí an mhúinteoireacht ar líne do gach rang. Ar 10 Aibreán, d’fhógair an tAire go gcuirfí na Scrúduithe Stáit siar agus go bhfanfadh na scoileanna dúnta go bhfógrófaí a mhalairt. Tuigeadh as seo don SMT nach n-osclofaí na scoileanna roimh dheireadh na bliana scoile. Bheartaíodh, i gcomhairle le bainistíocht na scoile go gcuirfí críoch le measúnuithe deireadh bliana

¹ Preasráiteas 10 Márta 2020 ón Roinn Oideachais agus Scileanna

do gach bliain scoile agus tús áite a thabhairt d'iad siúd a bheadh ag déanamh Scrúduithe Stáit níos déanaí sa bhliain.

Ar 29 Aibreán, d'fhógair an Roinn go gcuirfí scrúduithe an Teastais Shóisearaigh ar ceal agus go n-úsáidfí measúnuithe scoile ina n-ionad. Bhí an Roinn Oideachais agus Scileanna le teastais a bhronnadh ar gach dalta sa tríú bliain as an tSraith Shóisearach a bheith críochnaithe acu. Bhí neamhspleáchas ag na scoileanna maidir le measúnú a dhéanamh ar dhaltaí agus bhí gach dalta le tuairisc scoile a fháil maidir le héachtaí a bhí bainte amach. Mar thoradh láithreach air seo, bhí laghdú suntasach ann maidir le rannpháirtíocht na ndaltaí sa tSraith Shóisearach.

Ar 8 Bealtaine, d'fhógair an Rialtas go gcuirfí siar Scrúduithe na hArdteistiméireachta agus go mbeadh an rogha ag na daltaí Gráid Ríofa a fháil sna hábhair a bhí á ndéanamh acu nó Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 a shuí ag dáta éigin amach anseo nuair a bheadh sé sábháilte é sin a dhéanamh. Ansin a thosaigh an tasc suntasach próiseas nua maidir le Gráid Ríofa a thabhairt isteach sna scoileanna i BO&OLU. I Mír 3 thíos, leagtar amach sonraí i dtaca le freagairt na bainistíochta agus na foirne ag an dara leibhéal i BO&OLU.

Is mór an t-éacht é go raibh formhór na ndaltaí i BO&OLU ag glacadh páirte sa phróiseas foghlama le linn na tréimhse ina raibh na scoileanna dúnta agus gur cuireadh an próiseas Gráid Ríofa i gcrích go rathúil agus in am le haghaidh gach dalta Ardteistiméireachta.

Sna Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (féach mír 4), bhí sé mar thosaíocht an próiseas teastastaithe a chríochnú do gach foghlaimeoir a bhí i mbun clár iomlán ag Leibhéal 4,5 agus 6. Ba mhór an tasc é seo don bhainistíocht agus d'fhoirne múinteoireachta. Cosúil leis an soláthar ag an Dara Leibhéal, bhí an bhainistíocht agus na foirne ag freagairt ar chúinsí a bhí de shíor ag athrú, ag múineadh ar líne chun tacú le foghlaimeoirí, ag socrú agus ag ceartú tascanna oibre agus modúil. Bhí ar an bhfoireann freisin tascanna oibre a athrú ó scrúduithe go dtí measúnuithe, agus tugadh isteach próiseas mionsonraithe chun a chinntiú go mbeadh comhréireacht ann maidir le measúnuithe agus chun freastal ar riachtanais dearbhaithe cáilíochta.

Dearbhú é den solúbthacht agus den chruthaitheacht a léirigh an fhoireann go raibh formhór na bhfoghlaimeoirí i mbun clár teastais, ábalta na measúnuithe riachtanacha a chríochnú chun Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann a fháil.

Na hamlínte a bhí i gceist le cinnteoireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le COVID-19

Dáta	Forbairtí
10 Márta	D'eisigh an Roinn preasráiteas ina ndúirt sí "go mbunófaí aon chinneadh chun scoileanna a dhúnadh ar chomhairle sláinte poiblí. Ag an bpointe seo, níl a leithéid de chomhairle ann. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh aon chinneadh maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19 comhréireach, riachtanach agus bunaithe ar chomhairle sláinte poiblí ar leith. Bheadh freagairt d'aon chineál eile míchuí".
12 Márta	D'fhógair an Taoiseach Leo Varadkar TD go ndúnfaí scoileanna, réamhscoileanna agus timpeallachtaí breisoideachais agus ardoideachais ar feadh tréimhse go dtí 29 Márta.
13 Márta	Litr ó Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna chuig Príomhoidí agus Foirne Múinteoireachta.
24 March	Preasráiteas ón Roinn gur ndearnadh an cinneadh na timpeallachtaí oideachais a choimeád dúnta go dtí 19 Aibreán.
1 Aibreán	D'eisigh an Roinn Ciorclán 0027/2020 a bhaineann le socrúithe sannta sealadacha do bhaill foirne áirithe san earnáil oideachais agus oiliúna. De réir an chiorcláin, ní mór do bhaill foirne sa tseirbhís phoiblí nach bhfuil gá iad a choinneáil chun seirbhísí nó tacaíocht oideachasúil a sholáthar agus nár tugadh an moladh míochaine dóibh féin-aonrú a dhéanamh, beidh siad ar fáil chun bheith sannta ar bhonn sealadach chun tacú le soláthar seirbhísí bunriachtanacha eile sa tseirbhís phoiblí.
3 Aibreán - 20 Aibreán	Saoire na Cásca
10 Aibreán	Fógraíonn an tAire go mbeidh na scrúduithe stáit á gcur siar. Áiríodh go mbeadh na scrúduithe scríofa don Ardteistiméireacht ag tarlú i mí Iúil nó i mí Lúnasa agus in ionad scrúduithe don tSraith Shóisearach, go mbeadh scrúduithe scoilbhunaithe ann agus measúnuithe go luath sa bhliain scoile nua. Tuairiscíodh freisin go mbeadh na scoileanna dúnta go bhfógrófaí a mhalairt.
17 Aibreán	Ráiteas maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sna Scrúduithe Stáit. Sa ráiteas dúradh go reáchtálfaí "sraith de chruinnithe breise sna seachtainí atá le teacht mar chuid den phleanáil mar gheall ar na socrúithe scrúdaithe nua, ag cur comhairle sláinte poiblí san áireamh".

Dáta	Forbairtí
22 Aibreán	Ráiteas ar an dara cruinniú de pháirtithe leasmhara maidir le Scrúduithe Stáit. “I measc na míreanna a phléadh, bhí pacáiste tacaíochtaí do dhaltáí don leanúnachas foghlama, lena n-áirítear: ciste breise de €10m le haghaidh trealaimh TF i scoileanna; Treoir do scoileanna maidir le leanúnachas múinteoireachta agus foghlama do dhaltáí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus iad siúd atá i mbaol ón míbhuntáiste; Na socruithe praiticiúla d’obair thionscadail, obair cúrsa agus scrúduithe praiticiúla don Ardteistiméireacht.
22 Aibreán	D’fhoilsigh an Roinn dhá cháipéis treorach “Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Taú le Daltáí a bhfuil Riachtanais Oideachais speisialta acu” “Treoir maidir le Leanúnachas Scolaíochta: Ag Tacú le Daltáí atá i mbaol ón Míbhuntáiste”
29 Aibreán	Fógraíonn an tAire na socruithe athbhreithnithe don tSraith Shóisearach 2020. Bronnfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna teastais chríochnaithe ar dhaltáí na Sraithe Sóisearaí; Tugtar neamhspleáchas do na scoileanna chun daltáí a mheasúnú agus gheobhaidh gach dalta tuairisc maidir le héachtaí a baineadh amach; Tabharfar an deis d’fhoghlaimeoirí fásta scrúduithe na Sraithe Sóisearaí a dhéanamh san fhómhair.
1 Bealtaine	Aighneacht chuig QQI, Tuarascáil Pleanála Teagmhais maidir le Dearbhú Cáilíochta de chuid BO&OLU
8 Bealtaine	Fógraíonn an tAire go gcuirfear siar scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020. “Tar éis cinneadh na comh-aireachta, tabharfar rogha do gach dalta Gráid Ríofa a fháil sna hábhair atá á ndéanamh acu nó Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 a shuí ag dáta éigin amach anseo nuair a bheadh sé sábháilte é sin a dhéanamh. Cuirfidh an cinneadh seo ar chumas daoine óga dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá saol gan mhoill.” Sa Phreasráiteas leagadh amach na hocht eochairphointí maidir le conas a fheidhmeoidh na gráid ríofa.
13 Bealtaine	D’eisigh an Roinn preasráiteas ag tuairisciú ar an seachtú cruinniú de pháirtithe leasmhara.

Dáta	Forbairtí
21 Bealtaine	Fógraíonn an tAire foilseachán treoir do scoileanna maidir leis na Gráid Ríofa. Dúirt an tAire “is éard atá sa treoir seo ná toradh dianoibre agus rannpháirtíochta de chuid na Roinne, na múinteoirí, agus na bainistíochta scoile le laethanta beaga anuas. Dearadh an treoir chun treoir soiléir agus cruinn a thabhairt do mhúinteoirí agus do phríomhoidí faoi conas marc measta agus rangú ranga a sholáthar don Roinn i leith gach dalta Ardteistiméireachta”.
22 Bealtaine	Cuireann an Stiúrthóir Scoileanna cáipéis eolais ar fáil do Phríomoidí ag 11am agus baineann na Príomhoidí úsáid as chun an fhoireann a chur ar an eolas an tráthnóna céanna maidir le riachtanais.
12 Meitheamh	Fógraíonn an Rialtas go mbeidh Soláthar Samhraidh nua ann do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Mír 2:

Freagairt na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúil

Réamhtra

An fheidhm atá ag an Rannóg Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochtúil (Organisational Support and Development, OSD) ná ceannasaíocht a sholáthar i dtaca leis feidhmeanna riaracháin sa BO&OLU. Tá Stiúrtóir OSD freagrach as rialachas agus bainistíocht ar riarachán na BO&O agus déanann siad maoirseacht ar acmhainní an BO&O a bhainistiú sna rannóga Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corporáideacha, Airgeadas, Soláthar agus TFC.

2.1. Foireann Bainistíochta OSD

Tugadh treoir do BO&OLU gach scoil agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna (FET) agus oifig a dhúnadh ar 12 Márta i ndiaidh chinnidh an Rialtais.

Mar fhreagairt, chuir an fhoireann OSD plan i bhfeidhm ar 13 Márta chun obair a aistriú ó bheith oifighbunaithe go bheith bunaithe ar chianobair. D'aithin an fhoireann príomhbhall foirne i ngach réimse feidhme a raibh gá acmhainní a thabhairt dóibh láithreach chun go mbeadh siad ábalta dul i mbun cianoibre. Baineann an eagraíocht úsáid as Office 365 agus Sharepoint agus ba é seo an bunús chun aistriú go dtí an chianobair. Chuir an Bainisteoir TF córas logáil isteach ar fáil don fhoireann, rud a chuir arc humas na foirne cianobair a dhéanamh trí rochain a fháil ar a ríomhaire oibre, amhail is dá mbeadh siad san oifig, agus mar sin bhí rochtain acu ar a gcomhad agus a dtaifid.

Bogadh cruinnithe na gceannasaithe feidhme go dtí Microsoft agus toisc go roinntear na tascanna riaracháin thar dhá oifig i bPortlaoise agus i dTulach Mhór, tábhar ag súil anois go leanfar le cruinnithe ar Microsoft Teams chun an taisteal a laghdú don fhoireann.

2.2. Acmhainní Daonna

Cuireann an roinn Acmhainní Daonna seirbhís chuimsitheach ar fáil do scoileanna, do hionaid agus don fhoireann. Bhí an Roinn AD ag obair cheana féin le feidhmchlár ar líne agus le córas gearrliosta. Ansin bhí ar an rannóg bogadh go dtí cianagallaimh. Tugadh isteach an feidhmchlár Webex chun agallaimh ar líne a dhéanamh do gach post. Is ar líne a dhéantar an páipéarachas go léir a bhaineann leis na hagallaimh agus mar sin tá rian iniúchta den pháipéarachas ar fad. Fuair na painéil agallaimh oiliúint sa chleachtas nua chun a chinntiú go bhfeidhmeodh sé go héifeachtúil. D'ullmhaigh an Rannóg AD treoir d'agallóirí agus d'agallaithe araon. Tugadh cúnamh d'aon iarratasóir a raibh gá aige nó aici leis. Ceapadh Príomhoidí i dtrí scoil, os cionn fiche múinteoir, foireann cléireachais agus feighlithe ag baint úsáide as an gcóras seo.

Amlíne an-ghearr a bhí i gceist don leibhéal suntasach seo d'athruithe agus mar sin bhí an fhoireann a bhí ag cianobair anois faoi bhrú suntasach. É sin ráite, d'éirigh go han-mhaith leis an athrú agus táthar ag súil anois go leanfar leis na hagallaimh ar líne amach anseo.

Is ábhar spéise é gurbh é an t-aon tasc a chuir iallach ar an Rannóg AD bheith i láthair go fisiciúil san

oifig ná tuairisceáin a dhéanamh don Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Rinne an fhoireann uainíocht ar a chéile san oifig chun na tuairisceáin sin a dhéanamh.

2.3. Airgeadas

Is í feidhm na rannóga Airgeadais ná tacú leis an mBord agus leis an mbainistíocht a spriocanna a bhaint amach mar atá leagtha amach sa Litir Chinnidh ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus leithdháileadh cistithe ón tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna, SOLAS. Tá na BO&O faoi réir dianchuntasaíochta, lena n-áirítear an riachtanas atá ann cuntais bhliantúil a ullmhú san fhormáid atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus iad a bheith iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

An tosaíocht láithreach a bhí ann don rannóg Airgeadais ná cinnte a dhéanamh de go mbeadh leanúnachas ann maidir le creidiúnaithe, oiliúnaithe agus foghlaimoirí a íoc. Tugadh na srianta slándála cuí don fhoireann airgeadais go léir chun go mbeadh cianrochtain acu ar a ríomhaire oibre. Cuireadh i bhfeidhm láithreach údarú agus rochtain ar na córais chuí chun go mbeadh ar chumas na foirne rochtain a fháil ar chórais cosúil leis an mbaincéireacht ar líne, Tairseach SOLAS, Way2pay agus na Coimisinéirí Ioncaim.

Tosaíocht eile a bhí ann ná na cuntais bhliantúil 2019 a chríochnú roimh dheireadh mhí an Mhárta agus go nglacfadh an Coiste Airgeadais agus Bord BO&OLU leo. Baineadh amach an dá thosaíocht seo go rathúil.

2.4. TFC

Tá an rannóg TFC freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar chórais infreastruchtúir BO&OLU sna hoifigí, sna scoileanna agus sna hionaid. Chuir an fhoireann TFC an lóistíocht go léir ar fáil a bhí riachtanach chun obair riaracháin a aistriú ar líne. Ina theannta sin, rinneadh cuid mhaith oibre chun a chinntiú go raibh seoladh ríomhphoist BO&OLU ag gach foghlaimoir sna scoileanna agus sna hionaid FET chun an teagmháil leis na foghlaimoirí a éascú agus tús a chur leis an múinteoireacht ar líne. Soláthraíodh tacaíocht ar líne chun a chinntiú go raibh na feidhmeanna riaracháin go léir ag an gceannoifig agus ag leibhéal an ionaid ag feidhmiú go héifeachtúil. Soláthraíodh tacaíocht do bhaill foirne aonair a raibh cúnamh de dhíth oraibh chun an hardáin TF a bhainistiú. Ba mhór an ról a bhí ag an bhfoireann TF san aistriú rathúil, gasta go dtí an chianobair agus an mhúinteoireacht ar líne.

2.5. Soláthar

Cuireadh nósanna imeachta nua i bhfeidhm, lena n-áirítear síniú Adobe do bhaill painéil, chun go bhféadfaí cáipéisí Tairisceana a mheas ó chian. Rinneadh tairiscintí a mheas trí Teams. Cuireadh trí mhórtionscadal i gcrích le haghaidh soláthar scoile ag baint úsáide as na nósanna imeachta nua (Leabhair, ábhar Míotalóireachta agus adhmaadóireachta).

2.6. Foirgnimh

De bharr an leibhéil riaracháin a bhí i gceist agus na nósanna imeachta a bhí riachtanach chun tionscadail fhoirgníochta a bhainistiú, bhí ar an bhfoireann uainíocht a dhéanamh ar a chéile san oifig chun leanúint leis an obair agus cuireadh na rialacha maidir le scaradh sóisialta agus sláinteachas i bhfeidhm.

2.7. Cruinnithe Boird agus Fochiste

Reáchtáladh cruinnithe Boird agus fochiste trí theileachomhdháil. Chuir sé seo ar chumas an Bhoird a fheidhmeanna rialachais a chomhlíonadh, lena n-áirítear ainm a chur leis na Cuntais Airgeadais Bhliantúil do 2019 roimh an spriocdháta, 31 Márta. Bhí dúshlán mór i gceist leis seo don fhoireann riaracháin agus bainistíochta ach d'éirigh leo é a bhain amach go rathúil.

2.8. Conclúidí

Tá sé an-soiléir go raibh dúshlán shuntasacha roimh an fhoireann bainistíochta OSD, gach gníomhaíocht riaracháin a dhéanamh ó chian in achar ama an-ghearr. Is éacht tábhachtach é gur baineadh amach an leibhéal seo d'athruithe gan cur isteach ar bhunfheidhmeanna riaracháin na heagraíochta. Is léiriú é ar thiomantas na foirne, agus an solúbthacht atá léirithe acu, nár cuireadh isteach ar eochair-réimsí oibre riaracháin.

Taithí beo maidir le Plean Leanúnachais Gnó a chur i bhfeidhm a bhí i gceist leis an taithí seo, agus is cinnte gur thug sé an-mhuinín don fhoireann agus don bhainistíocht maidir le déileáil le haon cur isteach gnó amach anseo.

Mír 3: Éifeacht ar an Oideachas Dara Leibhéal agus Obair a sholáthar don Aos Óg

Réamhrá

Soláthraíonn BO&OLU seirbhísí oideachais dara leibhéal i naoi scoil in dhá chontae. Soláthraítear Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus an Idirbhliain.

Ar 12 Márta, d'fhógair an Rialtas go ndúnfaí na scoileanna mar fhreagairt ar an dúshlán sláinte poiblí gan fasach ata cruthaithe ag COVID-19.

Sa mhír seo cuirtear síos ar an bhfreagairt laistigh den soláthar dara leibhéal i BO&OLU. Don athbhreithniú seo, reáchtáladh agallaimh ar eochairthéamaí leis an Stiúrthóir Scoileanna, le Príomhoide, le Leas-Phríomhoide agus le beirt mhúinteoirí. Cé gur athbhreithniú teoranta atá ann, cuireann sé pictiúr ar fáil de na dúshláin roimh an ardbhainistíocht scoile agus an bhfoireann, agus a bhfreagairt ar thimpeallacht atá de shíor ag athrú.

3.1. Na dúshláin a bhaineann leis an gcinnteoireacht agus an gcumarsáid

I mír 1 thuas, leagtar amach na cúinsí athraitheach a d'eascair ó fhógraí an Rialtais maidir le hoideachas agus le hoiliúint thar tréimhse ceithre seachtane déag go dtí deireadh mhí an Mheithimh. Chiallaigh sé seo go raibh ar SMT BO&OLU agus lucht bainistíochta scoileanna cinntí a dhéanamh gach uair a d'fhógair an Rialtas cinneadh nua. Bhí sé an-dúshlánach smacht a choimeád ar na hathruithe, cinntí a dhéanamh maidir le gníomhú ina leith go cuí, agus é seo go léir a chur in iúl don fhoireann go tráthúil. Bhí gá le cinntí soiléir gasta agus eolas nuashonraithe a chur in iúl go cruinn i bhfíor-am ar fud na heagraíochta.

Bhí sé fógartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i bpreasráiteas ar 10 Márta nach ndearnadh *“aon chinneadh i dtaca le scoileanna a dhúnadh, agus gan gníomhú ag an am sin.”*² Chuaigh an fhoireann ardbhainistíochta BO&OLU ar aghaidh agus reáchtáil sé a seimineár forbartha inseirbhíse bliantúil le haghaidh na foirne bainistíochta i dTulach Mhór ar 11 agus 12 Márta. Ag 11.40am ar 12 Márta, d'fhógair an Rialtas go ndúnfaí na scoileanna. Cuireadh in iúl láithreach don fhoireann go léir le ríomhphost agus le téacs go mbeadh lucht bainistíochta na scoileanna ag filleadh ar a scoileanna go luath sa tráthnóna chun an dúnadh a bhainistiú mar aon leis an gcumarsáid leis an bhfoireann, le daltaí agus le tuismitheoirí. Iarradh ar an bhfoireann ullmhú le haghaidh dúnaidh agus fanacht le haghaidh cruinniú foirne deiridh i ngach scoil agus ionad.

An tráthnóna sin, reáchtáladh tionól do gach bliain agus insíodh dóibh conas a bhfanadh an scoil i dteagmháil leo agus conas a chuirfeadh an scoil obair agus tacaíocht ar fáil. Ansin bhuail lucht bainistíochta scoile lena a bhfoireann agus chuir siad in iúl dóibh céard a bhí ag teastáil. An tosaíocht a bhí ag an mbainistíocht ná tús áite a thabhairt do shláinte agus d'fholláine a ndaltaí agus na foirne ag obair le comhairle an Rialtais, agus

² Preasráiteas 10 Márta 2020 ón Roinn Oideachais agus Scileanna

conas leibhéal múinteoireachta agus foghlama a choimeád suas do gach dalta.

Tar éis don bhainistíocht an teachtaireacht thábhachtach a thabhairt, seoladh litir ón Stiúrthóir Scoile a dúirt *“bíodh an caidreamh le daltaí gairid agus rialta, lig dóibh dóthain ama chun rudaí a thuiscint agus am duitse chun anáil a tharraingt idir tascanna oibre/measúnuithe... déan rudaí ar do luas féin – tá sé tábhachtach dúinn go léir ‘athluchtú’.”*³

Léirigh sé seo freisin an bhéim a chuir Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna i litir chuig Príomhoidí agus Múinteoirí. Dúirt sé *“is am gan fasach é seo agus tá a fhios againn go dtagann pobail scoile le chéile ag amanna deacra chun réiteach a aimsiú, agus oibríonn pobal na scoile i gcónaí chun leasa na ndaltaí. Is eol don Roinn go bhfuil scoileanna ag obair go gníomhach ar phleanáil theagmhach.”*

An tseachtain roimhe sin, d'oibrigh an rannóg TF i BO&OLU le scoileanna agus leis na hionaid chun a chinntiú go mbeadh seoladh ríomhphoist scoile BO&OLU ag gach dalta sa chóras.⁴ D'éascaigh an beart tábhachtach seo freagairt ghasta maidir le teagmháil dhíreach a bhunú le gach dalta nó foghlaimeoir fásta agus aistriú mín go dtí an tacaíocht ar líne chomh luath agus a dhún na scoileanna agus na hionaid. Ina theannta sin, bhí an rannóg TF ag tástáil Microsoft Teams mar uirlis chumarsáide ar fud na heagraíochta agus laistigh de scoileanna agus d'ionaid. Bhí scoileanna aonair ag baint úsáide as uirlisí difriúla don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim, cosúil le Google classroom agus Zoom. Mar sin, bhí dúshlán i gcesit leis an aistriú go Teams ar dtús.

3.2. Na dúshláin don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim

Leag an tArd-Rúnaí amach na dúshláin a bhí roimh scoileanna ina litir *“chun an tionchar ar mhúinteoireacht agus ar fhoghlaim a íoslaghdú, iarrtar ar gach scoil leanúint le ceachtanna a phleanáil, agus más féidir, acmhainní ar líne a sholáthar do dhaltaí má tá sé ar chumas na scoile é seo a dhéanamh. Iarrtar ar scoileanna a áiriú nach mbeidh rochtain ag gach dalta ar áiseanna ar líne agus é sin a mheas ina bhfreagairt.”*

Tá sé soiléir ó agallaimh a rinneadh don tuarascáil seo go ndearna lucht bainistíochta agus an fhoireann gach iarracht chun dul i ngleic leis an dúshlán seo. Cúinsí gan fasach a bhí i gceist agus bhí sé an-dúshlánach don bhainistíocht, don fhoireann agus do dhaltaí. Chuir Príomhoide amháin síos ar ar chúrsaí mar seo *“tá sé cosúil le bheith caite isteach sa bhearna bhaoil gan aon leabhar beartaíochta agus tá gach rud de shíor ag athrú.”*

D'aithin Príomhoidí agus an fhoireann, agus iad a bogadh go dtí an chianfhoghlaim, nach mbeadh an deis céanna ag gach dalta lánpháirt a ghlacadh. Bhí cúsieanna éagsúla leis seo, lena n-áirítear rochtain ar leathanbhanda, rochtain teoranta ar ghléasanna TC sa bhaile, agus spás chun staidéir. Aithníodh freisin go mbeadh foghlaimeoirí leochaileacha a raibh sainriachtanais acu i mbaol faoi leith.

Sna cáipéisí treorach a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le leanúnachas Scolaíochta ar 22 Aibreán, dúradh gur chóir go mbeadh Scolaíocht rialta, leanúnach ag daltaí i mbaol míbhuntáiste oideachais nó daltaí a bhfuil sainriachtanais mhothúcháin acu, agus tá sé ríthábhachtach an caidreamh leis na múinteoirí agus leis an bhfoghlaim a choimeád suas.”⁵

3 Litir ó Stiúrthóir Scoileanna BO&OLU don fhoireann scoile go léir

4 Litir ón Ardrúnaí do Phríomhoidí agus do Múinteoirí 13 Márta 2020 le fáil ar Shíomh Gréasáin na Roinne

5 Roinn Oideachais agus Scileanna “Treoir maidir le Leanúnachas na Scolaíochta: Tacú le Daltaí a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu 22 Aibreán 2020

Sa treoir ón Roinn dúradh freisin *“i ngach scoil, tá an fhreagracht ghinearálta ag múinteoirí ábhair maidir le hoideachas na ndaltaí, iad siúd le sainriachtanais oideachais san áireamh. Le linn na tréimhse ina bhfuil na scoileanna dúnta, ba chóir do mhúinteoirí tascanna a idirdhealú go cuí chun iad a mheatseáil le riachtanais fhoghlama na ndaltaí a bhfuil sainriachtanais acu. Ba chóir dóibh an cur chuige difreáilte seo a thástáil trí mheasúnú a dhéanamh ar an iarracht atá á déanamh ag an dalta, más féidir, agus ba chóir dóibh aiseolas a sholáthar go rialta do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do dhaltaí.”* (lch3)

Dúshlán thar a bheith deacair a bhí i gceist leis seo do mhúinteoirí agus bhí sé i bhfad níos éasca é a rá ná é a dhéanamh.

3.3. Dearcadh an Mhúinteora

Dhún na scoileanna ar 14 Márta agus tar éis brisidh Lá le Pádraig, chuathas ar ais ag obair ar 19 Márta. An phríomhteachtairacht ón bhainistíocht na scoile a bhí ann ná go leanófaí leis an Scolaíocht agus go leanfaí leis an ngnáthamchlár, agus go hantábhachtach, go mbeadh teagmháil ann le gach dalta. Thacaigh bainistíocht na scoile go gníomhach leis na múinteoirí maidir leis seo. Bhí na múinteoirí i dteagmháil lena ranganna, leag siad síos obair agus spriocdhátaí agus cheartaigh siad an obair a seoladh dóibh. Ar dtús, bhíothas ag súil go n-osclofaí na scoileanna tar éis na Cásca. Mar sin, bhí an bhéim ar obair bhaile agus ar dul siar. Bhí an chuid is mó den teagmháil trí ríomhphost agus glaoch gutháin. De réir a chéile, más amhlaidh nach raibh daltaí ag glacadh páirte, tuairiscíodh é seo don Cheann Bliana ábhartha a d’fhiosraigh é leis na daltaí agus leis na thuismitheoirí.

Thug na múinteoirí le fios go raibh dúshlán shuntasacha ag baint le bogadh go dtí an chianfhoghlaím, lena n-áirítear go raibh siad féin faoi dhianghlasáil agus go raibh cúrsaí teaghlaigh le bainistiú acu freisin, cosúil le cúram leanaí agus scolaíocht bhaile dóibh siúd a raibh leanaí ar aois scoile acu. D’oibrigh an fhoireann ag amanna a bhí oiriúnach dóibh ag cur a gcuid gealltanais teaghlaigh san áireamh. Dúirt a lán dóibh go raibh i bhfad níos mó ama i gceist le tascanna a leagan síos, agus nótaí agus léiriú ar líne a ullmhú ná mar ba ghnách don mhúinteoireacht aghaidh ar aghaidh. Bhí sé deacair freisin an teagmháil a choimeád suas le daltaí, obair a scaipeadh, í a fháil ar ais, í a cheartú agus aiseolas a thabhairt. Baineadh úsáid as roinnt straitéisí éagsúla chun bheith i dteagmháil le daltaí agus ba iad ríomhphost agus glaoch gutháin an gnáthrud. Dóibh siúd nach raibh ábalta páirt a ghlacadh go digiteach, seoladh obair agus ábhar foghlama tríd an bpost. Bhunaigh roinnt múinteoirí grúpaí ranga ar WhatsApp agus d’úsáid siad an modh seo chun an teagmháil a choimeád suas agus chun go spreagfadh na foghlaimeoirí a chéile chun obair le chéile.

Ar 24 Márta, d’eisigh an Roinn preasráiteas ag rá go mbeadh na scoileanna dúnta go dtí 29 Aibreán. Bhí sé soiléir don bhainistíocht agus don fhoireann nár dócha go n-osclofaí na scoileanna arís roimh bhrisidh an tsamhraidh. Rinneadh tréaniarracht an leibhéal cianmúinteoireachta a mhéadú agus chuir a lán múinteoirí tuilleadh ábhar ranga suas ar líne. Dúshlán mór nua a bhí i gceist leis seo do mhúinteoirí a raibh orthu scil nua a fhoghlaim maidir le hábhar agus coincheapa múinteoireachta nua a ullmhú agus a sholáthar ar líne trí Zoom nó Microsoft Teams. Tríd is tríd, chuaigh sciar mór de mhúinteoirí i mbun caidrimh go gníomhach le daltaí trí ranganna a sholáthar ar líne. Thug múinteoirí tacaíocht dá chéile leis an teicneolaíocht a bhaineann leis na hardáin a bhainistiú agus bhí cúnamh ar fáil i gcónaí ó bhainistíocht na scoile. Bhí an phiarthacaíocht seo an-láidir sna scoileanna. Chuir Ionad Múinteoireachta agus Foghlama BO&OLU liostaí de shuíomhanna gréasáin agus acmhainní úsáideacha ar fáil go seachtainiúil do Phríomhoidí chun iad a scaipeadh amach ar na múinteoirí,

mar ba chúí. Dúirt na baill foirne a cuireadh faoi agallamh go raibh sé seo an-úsáideach mar thug sé muinín agus faoiseamh dóibh nach raibh siad fágtha leo féin.

Baineadh úsáid as acmhainní múinteoireachta an-éagsúil sa mhúinteoireacht ar líne. Léirigh na múinteoirí nuálaíocht agus cruthaitheacht maidir le hábhar a fhorbairt, cosúil le físeáin a dhéanamh ar conas cleachtadh áirithe a dhéanamh agus é a uaslódáil ar ardán na scoile chun tacú le daltaí. Cuireadh nótaí mionsonraithe agus acmhainní ar líne ar fáil go minic augs chuir sé seo ar chumas daltaí dul siar ar an ábhar ag am ar bith. Dúirt múinteoirí go bhfaigheadh siad iarratais ar ríomhpost nó tascanna oibre go déanach istoíche mar bhí na daltaí ag obair ag amanna a bhí oiriúnach dóibh. Mar thoradh, bhí ar na múinteoirí solúbthacht a léiriú agus an obair á bainistiú acu.

Dúshlán a bhí ann do BO&OLU ná go raibh roinnt ardán difriúla á n-úsáid laistigh de scoileanna.

Bhí sé deacair freisin leanúint leis an múinteoireacht in ábhair éagsúla, mar shampla, sna heolaíochtaí agus an ceol ina bhfuil léiriú praiticiúil agus turgnaimh ina mbunchuid den phróiseas foghlama. Bhí dúshlán faoi leith ag baint leis na hábhair seo do mhúinteoirí.

Thuairiscigh na múinteoirí, cé go sílfá go bhfuil litearthacht sa TF ar a dtoil acu, bhí daltaí ag streachailt le Word, Excel agus Powerpoint, rud nach raibh soiléir ar scoil ach bhí sé ina bhac nuair a bhí na daltaí ag obair leo féin.

Tar éis na Cásca, dhírigh na múinteoirí níos mó ar na daltaí a bhí ag déanamh Scrúduithe Stáit. Bhí ar na múinteoirí tacú le daltaí agus iad a spreagadh in am éiginnteachta nuair nach raibh sé soiléir an reachtálfaí na Scrúduithe Stáit ar chor ar bith.

Ar 10 Aibreán, d'fhógair an tAire go gcuirfí siar na Scrúduithe Stáit. Dúradh go gcuirfí siar scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta go dtí Iúil/Lúnasa agus go ndéanfaí scrúduithe scoilbhunaithe agus measúnuithe in ionad an Teastais Shóisearaí go luath sa bhilain scoile nua. Tuairiscíodh freisin go mbeadh scoileanna dúnta go dtí go bhfógrófaí a mhalairt.

Arís bhí ualach breise ar mhúinteoirí daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa phróiseas. Tar éis na Cásca, dúirt an Stiúrthóir Scoileanna i litir chuig bainistíocht agus foireann na scoileanna *“toisc go bhfuilimid ag druidim i dtreo dheireadh na bliana acadúla, tá sé riachtanach go ndéanfaí measúnú agus tuairisc scoile deireadh bliana le haghaidh na grúpaí bliana ábhartha”*.

D'ainneoin an bhrú, lena n-áirítear líon suntasach na ndaltaí nach raibh ag glacadh páirte ag an am seo, reachtáil BO&OLU scrúduithe go rathúil do gach bliain seachas bliain na hArdteistiméireachta. Ba mhór an t-éacht é seo nuair a chuirtear fadhbanna lóistíochta san áireamh.

D'eisigh an ESRI tuairisc⁶ ar ar tionchar a bhí ann ar dhaltaí de bharr na scoileanna a bheith dúnta agus dúirt *“léiríonn an nuálaíocht atá léirithe ag múinteoirí agus ag foghlaimoirí ag an am dúshlánach seo an acmhainneacht mhór atá sa teicneolaíocht dhigiteach modh foghlama daltaí a fheabhsú, agus cur le raon na ndaltaí a bhfuil rochtain acu ar an Oideachas sa todhchaí.”* Chuir múinteoirí agus lucht bainistíochta in iúl sa

6 ESRI Sraith Tuarascála Staidrimh agus Suirbhé 92, Meitheamh 2020

tuairisc seo go gcreideann siad anois go bhfuil áit ann chun teicneolaíocht dhigiteach a neartú agus a fheabhsú chun feabhas a chur ar an múinteoireacht agus ar an bhfoghlaim amach anseo.

3.4. Scrúduithe Stáit an Teastais Shóisearaigh

Nuair a rinneadh an cinneadh gan Scrúduithe an Teastais Shóisearaigh a reáchtáil, thuairiscigh múinteoirí go raibh titim i leibhéal na rannpháirtíochta sa 3ú bliain. Rinneadh an cinneadh go reáchtálfadh scoileanna measúnú deireadh bliana do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh agus bhí sé deacair an teagmháil leo agus an rannpháirtíocht a choimeád suas maidir le scrúduithe scoile. Do mhórán daltaí sa tríú bliain, an tátal a bhain siad as na Scrúduithe Stáit a bheith cealaithe ná go raibh deireadh leis an mbliain scoile. Bhí an dúshlán arís ann iad a spreagadh chun bheith páirteach sa phróiseas foghlama chun na scrúduithe a dhéanamh.

Ag an gcéad cruinniú eile de chuid Lónra na bPríomhoidí, beartaíodh go ndéanadh gach scoil an chinneadh maidir le conas daltaí an Teastais Shóisearaigh a mheas. Tríd is tríd, bheartaigh formhór na scoileanna úsáid a bhaint as formáid a léirigh torthaí seanscrúduithe, mar aon le scrúdú deireadh bliana agus figiúr céatadáin don leibhéal rannpháirtíochta sa soláthar teachbhunaithe. Thuairiscigh na Príomhoidí agus na múinteoirí gur oibrigh sé seo go maith agus gur sholáthraigh sé leibhéal éigin d'aitheantais do dhaltaí a d'oibrigh go maith ar scoil agus dóibh siúd a ghlac páirt sa seachadadh ar líne. Rinne lucht bainistíochta agus foireann na scoileanna tréaniarracht dul i mbun caidrimh le daltaí a roghnaigh gan bheith páirteach chun a chinntiú go mbeadh a oiread rannpháirtíochta agus ab fhéidir sna scrúduithe scoile ag deireadh na bliana.

3.5. An Ardteistiméireacht Fheidhmeach (LCA)

Thuairiscigh bainistíocht agus foireann na scoileanna gur roghnaigh a lán daltaí den Ardteistiméireacht Fheidhmeach gan pháirt a ghlacadh tar éis na Cásca. Níor críochnaíodh a lán de na príomhtascanna. Deacracht mhór a bhí anseo nuair a bhí an próiseas gráid ríofa á bhainistiú. Ar deireadh, i mórán cásanna, bunaíodh an grád ríofa a bronnadh ar obair a críochnaíodh sular dúnadh na scoileanna. Ina theannta sin, bhí sé deacair a chur ina luí ar an 5ú bliain den LCA go raibh orthu clárú ar thairseach na Ardteistiméireachta mar mheas na daltaí nach raibh sé riachtanach. Rinne na múinteoirí tréaniarracht chun cinnte a dhéanamh de gur chláraigh gach dalta ar deireadh.

3.6. An Ardteistiméireacht

Bhí cúinsí thar a bheith dúshlánach do dhaltaí na hArdteistiméireachta mar go tobann cuireadh isteach go mór ar an ullmhúchán a bhí ar bun acu le haghaidh na scrúduithe. Cealaíodh na scrúduithe praiticiúla, scrúduithe béil san áireamh, go luath tar éis a dúnadh na scoileanna. Tháinig cinntí eile ón Rialtas amach go mall maidir le gnéithe eile de na Scrúduithe Stáit, agus cúis inní agus éiginnteachta a bhí ann don chohórt daltaí seo. Don chuid eile de mhí Aibreáin, dhírigh an bhainistíocht agus an fhoireann ar an múinteoireacht agus an fhoghlaim a chaomhnú do dhaltaí na hArdteistiméireachta. Bhí sé seo níos deacra fós nuair a fógraíodh ar 10 Aibreán go gcuirfí siar na scrúduithe go dtí deireadh Iúl nó go luath i Lúnasa. Rinneadh an fógra i rith Saoire na Cásca. Thuairiscigh múinteoirí agus lucht bainistíochta go raibh tionchar diúltach ag an bhfógra seo ar dhaltaí. Bhí mórán daltaí nach raibh ag glacadh páirte nuair a chuathas ar ais ar scoil ar 20 Aibreán tar éis saoire na Cásca. Ba chúis inní é do lucht bainistíochta agus do mhúinteoirí folláine na ndaltaí. Thuairiscigh Príomhoide amháin go raibh titim de timpeall 50% i measc rannpháirtíochta na séú bliana tar éis na Cásca.

Bhí ar lucht bainistíochta agus ar mhúinteoirí déileáil le ceisteanna agus le himní tuismitheoirí agus daltaí

maidir leis an éiginnteacht a bhain le scrúduithe na hArdteistiméireachta agus iad a bheith curtha siar agus an baol go gcealófaí iad. Rinneadh gach iarracht daltaí a spreagadh agus iad a choimeád ag obair.

Ar 8 Bealtaine, d'fhógair an tAire go gcuirfí siar scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020. *“Tar éis cinneadh na comh-aireachta, tabharfar rogha do gach dalta Gráid Ríofa a fháil sna hábhair atá á ndéanamh acu nó Scrúduithe na hArdteistiméireachta 2020 a shuí ag dáta éigin amach anseo nuair a bheadh sé sábháilte é sin a dhéanamh. Cuirfidh an cinneadh seo ar chumas daoine óga dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile dá saol gan mhoill.”*

Sa Phreasráiteas leagadh amach na hocht eochairphointí maidir le conas a fheidhmeoidh na gráid ríofa. Thóg sé seachtain amháin eile sula raibh na sonraí iomlána foilsithe ag an Rialtas. Cinneadh Rialtais an-tábhachtach a bhí i gceist agus chruthaigh sé dúshlán ollmhór don SMT agus don fhoireann múinteoireachta.

3.7. An Próiseas Grád Tuartha/Ríofa a bhainistiú

Ar 22 Bealtaine, d'fhógair an tAire foilseachán treoir do scoileanna maidir leis na Gráid Ríofa. Dúirt an tAire *“is éard atá sa treoir seo ná toradh dianoibre agus rannpháirtíochta de chuid na Roinne, na múinteoirí, agus na bainistíochta scoile le laethanta beaga anuas. Dearadh an treoir chun treoir soiléir agus cruinn a thabhairt do mhúinteoirí agus do phríomhoidí faoi conas marc measta agus rangú ranga a sholáthar don Roinn i leith gach dalta Ardteistiméireachta”.*

Fuair an Stiúrthóir Scoileanna Ciorclán ón Roinn ar tráthnóna Déardaoin (22 Aibreán) agus d'ullmhaigh sé cur i láthair mionsonraithe do Phríomhoidí le haghaidh cruinniú a bhí sceidealaithe do 11am maidin Dé hAoine. Rinneadh é seo d'aon ghnó chun go mbeadh na Príomhoidí ábalta eolas a sholáthar don fhoireann an tráthnóna sin ionas nach dtiocfadh an deireadh seachtaine agus nach mbeadh a fhios ag an bhfoireann cad a bhí ag tarlú. Sampla eile é seo den chaoi inar ghníomhaigh lucht bainistíochta BO&OLU go gasta chun a chinntiú go mbeadh eolas tábhachtach ar fáil i bhfíor-am.

Sa phróiseas a d'fhoilsigh an Roinn, bhí na céimeanna a leanas:

- Iarradh ar dhaltaí a rogha leibhéil ábhar a dheimhniú agus é athrú go dtí leibhéal níos ísle má b'shin an rud a bhí uathu. Rinneadh é seo tríd an tairseach ar líne.
- Cuireadh moill ar dhúnadh an tairsigh toisc nár chláraigh roinnt daltaí. Chuaigh an bhainistíocht i dteagmháil le gach dalta chun cinnte a dhéanamh de gur chláraigh siad.
- Ansin deimhníonn an Roinn leibhéal iontrála gach dalta sa scoil. Bhí moill ann maidir leis an eolas sin sholáthar do na scoileanna.
- Ansin cuireann an Príomhoide in iúl do na múinteoirí an grád atá roghnaithe do gach dalta.
- Ansin iarradh ar mhúinteoirí grád a thabhairt do gach dalta le marc measta ar Fhoirm A.
- Ansin iarradh ar mhúinteoirí gach dalta a rangú de réir a n-áit sa rang ar Fhoirm B.
- Rinne lucht bainistíochta na scoile athbhreithniú ar na torthaí measta agus chuir siad a n-ainm leo.

Thuaireascigh príomhoidí agus múinteoirí go raibh an próiseas simplí go leor chomh luath agus a bhí an t-eolas ar fáil a bhain le rogha na leibhéil a bhí roghnaithe ag daltaí. Thug múinteoirí le fios freisin go raibh taifead teoranta de sheanscrúduithe ar fáil i roinnt cásanna, rud nár nótáladh roimhe sin.

Mar fhocal scoir, is léiriú é ar ghairmiúlacht, ar thiomantas dá ndaltaí, agus ar solúbthacht na múinteoirí gur éirigh leo na dúshlán a shárú a bhain le teaghlaigh faoi dhianghlásáil a bhainistiú, agus obair agus tacaíocht a sholáthar dá ndaltaí. Thug bainistíocht na scoileanna agus an SMT aitheantas i gcónaí don mhéid sin ina gcuid cumarsáide. I litir don fhoireann ón Stiúrthóir Scoileanna, dúirt sé “tá an obair atá á déanamh agaibh ag an bpointe seo an-tábhachtach dár ndaltaí, go háirithe maidir le leibhéal éigin normáltachta a chaomhnú a chabhróidh lena bhfolláine....sna cúinsí neamhghnách seo, tá jab iontach déanta agaibh.”⁷

3.8. Dearcadh an Phríomhoide

De ghnáth, bhíodh cruinniú sceidealaithe gach sé seachtaine ag an Stiúrthóir Scoileanna agus na Príomhoidí i bPort Laoise nó i dTulach Mhór. Sa ghéarchéim seo, reáchtáil an Stiúrthóir cruinnithe seachtainiúla ar Microsoft Teams. Cruthaíodh WhatsApp grúpa timpeall ocht mhí dhéag roimhe sin ach úsáideach go forleathan é le linn na tréimhse seo chun go bhféadfadh an Stiúrthóir ailt agus eolas ón Roinn Oideachais a roinnt go tráthúil. An aidhm a bhí ann ná a chinntiú go mbeadh gach eolas ábhartha ar fáil chomh luath agus is féidir agus go raibh na Príomhoidí ag obair le chéile ar phleanáil don todchaí.

An cur chuige a ghlac an Stiúrthóir ná cinnte a dhéanamh de go raibh na Príomhoidí páirteach sa chomhrá agus mar chuid den réiteach. Ar an mbealach seo, bhí na Príomhoidí ábalta úinéireacht a ghlacadh ar thorthaí agus cuireadh fiordheiseanna ar fáil don phiarthacaíocht agus don chomhoibriú sa ghéarchéim gan fasach seo. Bhí naoi Príomhoidí ann agus chinntigh sé seo go raibh fíor-rannpháirtíocht ghníomhach ag tarlú i bhfíor-am in ainneoin go raibh siad ag bualadh le chéile trí Microsoft Teams. Chinntigh sé freisin go bhfuair gach Príomhoide an fhaisnéis chéanna ag an am céanna ar bhealach tráthúil.

Lean roinnt Príomhoidí orthu ag obair ar áitreabh na scoile. Dúirt Príomhoide amháin go raibh sé seo tábhachtach mar chuir sé in iúl don fhoireann go raibh an bhainistíocht istigh sa scoil agus ar fáil chun tacú leo.

Bhain bainistíocht na scoileanna úsáid as Microsoft Teams freisin chun bheith i dteagmháil le gach Ceann Rannóige agus Ceann Bliana, agus d’úsáid siadsan an t-ardán seo chun an teagmháil a chaomhnú le múinteoirí agus tacaíocht agus eolas a sholáthar a luaite ab fhéidir.

D’aithin na Príomhoidí gur dúshlán suntasach é do mhúinteoirí an t-aistriú go dtí an mhúinteoireacht ar líne. Rinne Príomhoide amháin cur síos ar air mar seo “d’athraigh sé cúrsaí mar tharla sé go tobann, bhí fíorghá leis agus chuir sé iallach ar dhaltaí agus ar mhúinteoirí glacadh leis an fhoghlaim dhigiteach”. Thuairiscigh múinteoir gur chuir an t-athrú iallach orthu scoileanna nua múinteoireachta a fhorbairt. Chuathas i ngleic leis an acmhainneacht dhigiteach trí thacaíocht a fháil ón rannóg TF agus cabhair a fháil ó chomhghleacaithe.

Aithníodh é seo sa tuarascáil ón ESRI [“An tionchar ar dhaltaí dara leibhéal de bharr easpa rochtana ar theicneolaíocht le linn dhúnadh na scoileanna mar thoradh ar COVID-19”](#)⁸ ina ndeirtear *“Bhí múinteoirí agus daltaí faoi bhrú a n-inniúlacht dhigiteach a fheabhsú, go minic trí bheith ‘ag foghlaim tríd an rud a dhéanamh’ agus ag lorg tacaíocht ó laistigh de phobal na scoile, agus i gcás na múinteoirí ó sheirbhísí forbartha gairmiúla.”*

⁷ Litir ó Stiúrthóir Scoileanna LOETB don fhoireann scoile go léir

⁸ ESRI Sraith Tuarascála Staidrimh agus Suirbhé 92 Meitheamh 2020

Luaigh Príomhoide amháin gur chuir na cúinsí ar chumas mhúinteoirí rudaí nua a thriail agus cur chuige turgnamhach a ghlacadh ina gcuid oibre agus sna tascanna a thug siad do dhaltáí. Thuairiscigh Príomhoide go raibh an fhreagairt ar na dúshláin a bhí ann mar thoradh ar dhúnadh na scoileanna ag brath ar ghairmiúlacht na foirne, a dtiomantas dá ndaltaí, agus bheith ábalta obair go cruthaitheach agus le chéile.

D'aithin bainistíocht agus foirne na scoileanna an tacaíocht a thug lucht bainistíochta BO&OLU san athbhreithniú seo. Chinntigh bainistíocht BO&OLU go raibh an t-eolas ábhartha go léir ag bainistíocht na scoileanna i bhfíor-am agus to raibh an deis acu cur leis na cinntí a bhí le déanamh.

3.9. An tionchar ar thorthaí foghlama na ndaltaí

Dúshlán suntasach a bhí ann don bhainistíocht agus don fhoireann bogadh ón múineoireacht scoilbhunaithe go dtí an teagmháil ar líne le daltaí gan réamhfhógra ná ullmhúchán. Éacht nach beag a bhí ann sa chomhthéacs seo, teagmháil a chaomhnú le daltaí, a chinntiú go raibh an chuid is mó díobh ag obair, roinnt ranganna a sheachadadh ar líne, agus a chinntiú go ndearna gach rang sna blianta 1,2,3 agus 5 scrúduithe deireadh bliana. Ba ghaisce eile é na Gráid Ríofa do dhaltáí na hArdteistiméireachta agus na hArdteistimeireachta Feidhmí a bheith seachadta ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann.

Mar sin féin, d'ainneoin gach a rinne an bhainistíocht agus an fhoireann, ba shuntasach an éifeacht a bhí ag dúnadh na scoileanna ar na daltaí go léir i ngach mbliain. Thuairiscigh an bhainistíocht agus an fhoireann gur caillteanas suntasach a bhí i gceist do dhaltáí na gnáththacaíochtaí a chailleadh, mar aon leis an lá scoile struchtúrtha, an teagmháil dhíreach le múinteoirí, an teagmháil shóisialta lena bpiaraí, agus na deiseanna spóirt agus fóilíochta atá mar chuid de shaol na scoile. I gcás roinnt daltaí, cuireadh srian ar a leibhéal rannpháirtíochta trí easpa trealamh TF a bheith acu, srianta leathanbhanda agus cúinsí teaghlaigh, seans nach raibh áit chiúin acu chun staidéir. I gcás daltaí eile, a ba ghnách dóibh rannpháirtíocht a léiriú ar scoil, ní raibh siad ábalta déileáil leis na hathruithe agus de réir a chéile, thit leibhéal a rannpháirtíochta. I gcás na ndaltaí a bhí ag déanamh Scrúduithe Stáit, chuaigh an imní agus an éiginnteacht go mór i bhfeidhm ar a leibhéal rannpháirtíochta maidir le teagmháil a chaomhnú lena múinteoirí le linn na tréimhse seo.

D'fhoilsigh an ESRI tuarascáil "An tionchar ar dhaltáí dara leibhéal de bharr easpa rochtana ar theicneolaíocht le linn dhúnadh na scoileanna mar thoradh ar COVID-19" ina ndeirtear *"Bhí tionchar faoi leith ag dúnadh na scoileanna ar dhaltáí na hArdteistiméireachta agus an Teastais Shóisirigh maidir leis an bhfoghlaim, le folláine, le spreagadh agus le rannpháirtíocht, agus bhí éifeacht níos tromchúisí ar scoileanna DEIS. I measc grúpaí eile a raibh drochtionchar orthu, bhí daltaí a raibh riachtanais oideachais speisialta acu (SEN), daltaí ó chúlraí ioncaim íseal agus daltaí ag déanamh staidéir ar an mBéarla mar theanga iasachta. Is cúis imní é an baol maidir le cúlú foghlama i measc grúpaí daltaí faoi mhíbhuntáiste."* (lch11).

Bhí éifeacht suntasach orthu siúd a raibh sainriachtanais oideachais acu nó a bhí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste. Bhí titim suntasach ann maidir le rannpháirtíocht. D'oibrigh múinteoirí go dian chun fanacht i dteagmháil agus chonacthas dóibh i roinnt cásanna gurbh é an ról a bhí acu ná tacú le meabhairshláinte na ndaltaí seachas brú a chur orthu obair a chríochnú. Chuir múinteoir amháin cur síos ar an gcaoi a bheartaigh sí bheith i dteagmháil agus tacaíocht a sholáthar, agus gan cur le strus an teaghlaigh trí bheith ag éileamh go ndéanfaí obair agus go seolfá ar ais í.

Dúradh i dtreoirínte na Roinne Oideachais *“de bharr na scoileanna a bheith dúnta, éilítear ar scoileanna agus ar mhúinteoirí úsáid a bhaint as modhanna nua chun leanúnachas foghlama a chinntiú do dhaltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Chun na modhanna seo a bhaint amach, bainfear úsáid as na céimeanna céanna atá mar bhonn do chleachtaidh mhúinteoireachta i dtimpeallachtaí scoile; pleanáil, monatóireacht a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dheanamh.”* (lch5) Na himpleachtaí a bhí le baint as an ráiteas seo ná gur chóir go mbeadh ar chumas scoileanna an tionchar diúltach a bhí mar thoradh ar na scoileanna a bheith dúnta ar fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus ar fhoghlaimeoirí leochaileacha a laghdú. Bhí sé i bhfad níos éasca é seo a rá ná é a dheanamh. Bhí sé an-soiléir do mhúinteoirí go raibh sé an-deacair an obair a idirdhealú do leibhéil éagsúla ábaltachta laistigh den ghrúpa ranga céanna. Ní féidir leibhéil éagsúla ábaltachta laistigh den ghrúpa ranga céanna a bhainistiú go rathúil agus ranganna ar líne a sholathar agus an leibhéil céanna tacaíochta a sholáthar a bheifí ag súil leis sa seojmra ranga. Bhí tionchar díreireach ar dhaltaí leochaileacha mar gheall ar an teorann anois ar an ngnáth-thacaíocht a chuireann múinteoirí ar fáil go pearsanta. Mar thoradh gur cailleadh na ngnáth-thacaíochtaí scoile, thit an leibhéal rannpháirteachais. Thuairiscigh Príomhoidí agus múinteoirí go raibh eagla orthu go leathnófaí bearna an míbhuntáiste oideachais don chothórt daltaí seo.

Thuairiscigh bainistíocht na scoileanna go raibh siad ag pleanáil conas a chinntiú go mbeadh daltaí leochaileacha ábalta filleadh ar an scoil agus cén saghas tacaíochta a bheadh de dhíth orthu chun breith suas ar an gcaillteanas oideachais.

3.10. Conclúidí maidir leis an Oideachas Dara Leibhéal

Mar fhocal scoir, tá sé an-soiléir go raibh dúshlán shuntasacha roimh daltaí. Cuireadh tascanna oibre ar fáil do gach dalta dara leibhéal le déanamh sa bhaile agus le seoladh ar líne. Chuir múinteoirí ceartúcháin agus aiseolas ar fáil. Ba dhúshlán é do mhóran daltaí áit oibre oiriúnach a chruthú sa bhaile agus na háiseanna a bheith acu chun obair go héifeachtúil. Ní raibh leathanbhanda maith ná ríomhaire ná gléas ar fáil do roinnt daltaí, nó bhí orthu iad a roinnt le siblíní. Bhí daltaí ag streachailt maidir leis an ndisciplín is gá don fhoghlaim ar líne agus féindírthe. Nótáladh go raibh sé deacair fiú do na daltaí spreagtha bheith iomlán rannpháirteach. Thuairisigh Príomhoidí agus múinteoirí go soiléir go raibh titim suntasach i rannpháirteachas na ndaltaí de réir a chéile agus gurbh iad na daltaí leochaileacha is mó a bhí thíos leis.

Ní mór a aithint, i gcás líon mór daltaí, beidh tionchar suntasach orthu maidir lena gcuid riachtanas oideachais agus forbartha sóisialta ó bheith as láthair ón scoil ar feadh tréimhse sé mhí. Aithnítear é seo sa tuarascáil ESRI inar dúradh *“chuaigh an t-aistriú go dtí an chianfhoghlaim go mór i gcion ar dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch agus daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu. Chonascthas go raibh géarú ann nuair a thosaigh an dianghlasáil maidir le ról na dtuismitheoirí in oideachas a leanáil agus cúinsí sa bhaile, ar leibhéal rannpháirteachais na ndaltaí. Tá eagla ar cheannasaithe scoile go leathnófar an bearna de bharr na dianglasála agus go gcuirfear leis an mbuntáiste agus leis an míbhuntáiste ata ann cheana féin.”*

Lorgóidh lucht bainistíochta scoile bealaí cruthaitheacha chun é seo a chur san áireamh agus iad ag pleanáil don bhliain scoile nua. Beidh sé deacair do mhóran daltaí filleadh ar an scoil agus feidhmiú mar is gnáth, nuair nach raibh an struchtúr scoile acu le sé mhí. Beidh sé riachtanach go gcuirfidh bainistíocht na scoileanna é seo

san áireamh agus iad ag pleanáil na scoileanna a athoscailt. Lena chois sin, beidh gá do mhúinteoirí bheith aireach nach mbeidh an obair críochnaithe ón mbliain roimhe sin ag daltaí atá ag dul isteach i mbliain nua, agus go mbeidh laigí ann i mbunús a gcuid foghlama san ábhar sin. Beidh gá le ceardlanna staidéir agus dul siar a dhéanamh don chéad mhí chun go mbeidh bunús cothrom ann nuair a chuirfear tús leis an gcuraclam don bhlain scoile nua. Seachas sin, beidh mórán daltaí ag tosú amach faoi mhíbhuntáiste agus rachaidh an scéal chun donais de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh. Arís, beidh tionchar díréireach ann ar na daltaí is leochailí. Is rud é seo a aithníonn Príomhoidí go maith agus iad i mbun pleanála d'athoscailt na scoileanna i Meán Fómhair.

3.11. Freagairt na Seirbhísí don Aos Óg

Tugtar sainmhíniú ar an ról atá ag BO&OLU maidir le hobair don aos óg faoi Mhír 10 (j) Acht na mBord Oidieachais agus Oiliúna 2013 *“tacú le seirbhísí oibre don aos óg a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheas ina réimsí feidhme, agus aon eolas a d'fhéadfadh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige a iarraidh maidir lena leithéid de thacaíocht”*.

Comhlíonann BO&OLU a chuid dualgas trí thacú le clubanna óige deonacha agus seirbhísí oibre don aos óg atá pobalbhunaithe agus atá curtha ar fáil ag eagraíochtaí deonacha don aog óg sa réigiún. Lena chois sin, gníomhaíonn BO&OLU mar chainéal cistithe chun seirbhísí oibre don aos óg agus clubanna a chistiú le hairgead a chuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar fáil.

3.12. Obair don Aos óg a Chistiú

D'eisigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige litir (3 Aibreán)¹⁰ inar dúradh “tríd is tríd, ní mheastar gur seirbhísí riachtanacha iad seirbhísí oibre don aos óg chun críche na mbeart seo (s.l.r. chun críche taistil riachtanach a bheith ar bun ag oibrithe riachtanacha faoi láthair)”. Níos faide sa litir luadh roinn cúinsí an-teoranta ina d'fhéadfadh seirbhís riachtanach liostáilte iarraidh ar oibrithe don aos óg cúnamh a thabhairt.

3.12.1. Rolladh amach an Chláir Nua

Thug an Roinn ordú do na BO&O an obair don aos óg a chistiú mar is gnáth. I gcás BO&OLU bhí trí thionscadal i gceist leis seo. Ina theannta sin, iarradh ar BO&O nóta agus taifead a dhéanamh d'aon chleachtadh nuálaíoch a d'eascair ó sholáthróirí oibre don aos óg agus an teagmháil a choimeád suas le daoine óga le linn na diaghlasála. Bhí an tOifigeach don Aos Óg i dteagmháil le heagraíochtaí don aos óg le linn an dúnaidh chun tacaíocht agus comhairle chuí a sholáthar.

D'fhan na feidhmeanna riaracháin maidir le hobair don aos óg a chistiú i bhfeidhm le linn na diaghlasála. Ar dtús, thug RLGÓ Scéim Deontais nua isteach dar teideal UBU *Your Place Your Space* le cur i bhfeidhm ar 1 Iúl. Bhí sé seo le bheith ann in áit scéimeanna deontais reatha a bhí ag cistiú Tionscadal agus Seirbhísí Oibre don Aos Óg. Ba é 28 Feabhra an spriocdháta do na hiarratais seo. Roimhe seo, reáchtáil an tOifigeach don Aos Óg clinic aonair le gach tionscadal ar roinnt ócáidí ionas go mbeadh lántuiscint ag an ngrúpa ar riachtanais na Scéime nua agus conas a chur isteach uirthi go rathúil. Bhí ar an Oifigeach don Aos Óg athbhreithniú a

¹⁰ Litir ó Laura McGarrigle Ardrúnaí Cúnta, Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige 3 Aibreán 2020

dhéanamh ar na hiarratais agus aiseolas a thabhairt do na heagraíochtaí a bhí ag déanamh iarratais, agus ba é lár mhí an Mhárta an spriocdháta do na heagraíochtaí chun iarratas a chur isteach.

D'éiligh nós imeachta an iarratais don scéim nua go mbunódh an BO&O Grúpa Comhordaithe ardleibhéil ar a mbeadh Stiúrthóir mar chathaoirleach chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach iarratas agus iad a ghrádú de réir stádas Glas, Ómra nó Dearg. Bhí ar an nGrúpa moladh a dhéanamh i dtaca le gach iarratas agus ansin rinne an Príomhfheidhmeannach na moltaí a mheas. Chuir an BO&O an tasc seo i gcrích go rathúil agus cuireadh an aighneacht faoi bhráid na Roinne in am ar 17 Aibreán.

3.12.2. Cláir Reatha

Rinneadh an Scéim Deontais don Chlub Óige Áitiúil, an scéim deontais LGTBI, agus an scéim um chistiú caipitil don aos óg a bhainistiú go rathúil trí nósanna imeachta ar líne agus rinne Grúpa Comhordaithe BO&OLU na measúnuite a bhí riachtanach ar líne.

3.13. An tionscadal Comhpháirtíocht Chruthaitheach Áitiúil don Aos Óg i Laois Uíbh Fhailí

Tá an tOifigeach don Aos Óg freagrach as an tionscadal Comhpháirtíocht Chruthaitheach Áitiúil don Aos Óg i Laois Uíbh Fhailí. Is tionscadal idirghníomhaireachta é seo atá á bhainistiú ag BO&OLU. Is é cuspóir an tionscadail ná cur le saol cruthaitheach daoine óga ar fud an dá chontae trí rannpháirtíocht a mhéadú i ndeiseanna cruthaitheacha.

Tar éis Coiste Stiúrtha a bhunú chun an tionscamh a threorú agus a stiúriú, rinneadh taighde cuimhsitheach le 53 soláthróir de sheirbhísí don aos óg agus 609 duine óg ó chúlráí éagsúla, chun riachtanais chruthaitheacha daoine óga idir 10 agus 24 bliain d'aois a aithint i Laois agus Uíbh Fhailí.

D'aithin an taighde go raibh bacainní roimh an rannpháirteachas cosúil le hiompar, costas, easpa áiseanna agus cláir chruthaitheacha. Chun déileáil leis na riachtanais sin forbraíodh 5 clár faoi leith a dhíríonn ar chúrsaí tuaithe, uirbeacha, scoileanna iar-bhunscoile agus drámaíochta. Ón taighde seo bhí a fhios ag Comhpháirtíocht Chruthaitheach Áitiúil do Aos Óg i Laois Uíbh Fhailí cad a bhí ag teastáil ó dhaoine, agus ina dhiaidh sin, bhí 720 duine óg ag glacadh páirte go hiomlán i 23 clár cruthaitheach, iontach a dhearadh, a sheachadadh agus a mheas, cosúil le: Fotagrafaíocht, Ceol, Rince, Scannánaíocht, Códú, Léiriú Raidió, Podchraoltóireacht, Scríbhneoireacht Chruthaitheach, Ceirmeach, Múrphictiúirí agus Amharclannaíocht Don Aos Óg.

Laistigh den tréimhse seo, bhí go leor dúshlán a d'eascair ó na srianta a bhain le COVID-19. Thóg sé roinnt ama chun dul i dtaithe ar bheith ag cianobair agus bheith ag úsáid Zoom/Teams chun cumarsáid a dhéanamh. Ar cheann de na dúshláin ba mhó bhí an t-athbhreithniú a bhí le déanamh ar an bplean oibre. Sa phlean oibre bunaidh, bhíothas chun torthaí measta iomlán do 2019 a úsáid, agus bhíothas chun cláir na bliana seo caite a mheas. Chabhródh sé seo a leagan síos cad a d'oibrigh go maith agus cad é an saghas cláir ar chóir leanúint leis in 2020. Pleanáladh na cláir chruthaitheacha chun iad a sheachadadh i spás fisiciúil. Forbraíodh plan

teagmhais ar ar tugadh Plean Oibre B air agus d'fhaomh an grúpa stiúrtha é chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha a chur san áireamh ar ardáin na meáin shóisialta. De bharr na cúinsí a bhí i gceist agus an méadú ar úsáid na n-ardán digiteach, bhí a fhios go maith ag an gcomhpháirtíochta nach raibh rochtain ag gach duine óg ar bhogearraí crua digiteachta ná timpeallacht oiriúnach chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar líne. Mar thoradh, bhí sé mar fheidhm gan díriú go hiomlán ar na hardáin dhigiteacha chun an cláir chruthaitheach a sheachadadh.

Forbraíodh plean tríd na meáin shóisialta ar leibhéal gairmiúil, ionas go mbeadh ar chumas na comhpháirtíochta dul i mbun caidrimh le gach pairtí leasmhar chun eolas ábhartha a roinnt agus a scaipeadh. Beidh cainéil na méan sóisialta seo sárluachmhar maidir le comhpháirtíochtaí reatha a neartú agus cinn nua a bhunú le soláthróirí eile. Go sonrach, mar fhreagairt ar mhaolú na srianta Covid-19, cuireadh cistiú de €11,700 ar fáil chun rannpháirtíocht daoine óga 12-15 bliain d'aois agus 16-18 bliain d'aois a spreagadh agus a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha, mar a bhí siad aitheanta ag daoine óga.

3.14. Cur Chuige Straitéiseach maidir le hObair don Aos Óg a Fhorbairt

Bhí an tOifigeach don Aos Óg, a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son BO&OLU, gníomhach (trí Teams agus Zoom) ar fhórait áitiúla cinnteoireachta agus ar choistí comhairleoireachta, ag comhoibriú le ETBI, LCD, LAG, CYPSC, Tionscadail de chuid an Gharda Síochána don Aos Óg, agus Comhairle na nÓg i measc cinn eile.

Tá an tOifigeach don Aos Óg i mbun taighde chuimsithigh freisin ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí chun freagairtí dírithe ar obair don aos óg a aithint ar láithreáin úrnua le haghaidh tionscadal nua, agus beidh moltaí/aighneachtaí á gcur faoi bhráid na RLGÓ bunaithe ar an méid a fuarthas amach.

3.15. Conclúidí ar Sheirbhísí don Aos Óg

Thug Seirbhís don Aos Óg i mBO&OLU scéim deontais nua isteach agus rinne sí bainistíocht ar scéimeanna deontais eile ar líne le linn na dianghlása. Cé go raibh amhras i measc na dtionscadal maidir leis an scéim nua, d'éirigh leis an Oifigeach don Aos Óg an próiseas a chríochnú go rathúil tríd an bpróiseas a leanúint agus tacaíocht a sholáthar, agus bronnadh deontas ar na trí tionscadal.

3.16. Music Generation Laoise

Is clár oideachais sa chumadóireacht cheoil í Music Generation Laois do leanaí agus do dhaoine óga i gContae Laoise. Is comhthionscadal í Music Generation Laois faoi stiúir BO&OLU agus is cuid é de Music Generation – Éire, Clár Náisiúnta san Oideachas Ceoil, tosaithe ag Music Network agus comhchistithe ag U2, The Irland Funds in éineacht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus Comhpháirtíochtaí Áitiúla san Oideachas Ceoil.

Tá Music Generation Laois bunaithe in Ionad Ceoil Laoise i bPortlaoise agus seachadaíonn sé cláir cheoil mhealltacha i scoileanna agus in ionaid trí 6 clár éagsúla: Ceol Cóir, Ceol Traidisiúnta, Ceolfhoireann, Drumadóireacht (Domhanda), an Bosca Ceoil (clár do leanaí agus do dhaoine óga a bhfuil sainriachtanais acu), agus Scoile Rac-Cheoil. Tá rochtain ag doine óga ar theagasc seachtainiúil agus ar uirlisí ceoil ar chostas fóirdheonaithe, agus cuirtear leis sin trí cheardlanna aon-uair, máistir-ranganna agus freastal ar

cheolchoirmeacha. Táthar ag súil go ngingneoidh an Tionscadal sciar maith dá mbuiséad bliantúil agus baintear é seo amach trí tháille a ghearradh ar na scoileanna nó ar na daltaí.

An dúshlán a bhí ann ná gach clár teagaisc ionadhbhunaithe a bhogadh ar líne. D'fhorbair an Tionscadal láithreach Polasaí Múinteoireachta Ar Líne a comhaontaíodh le gach tuismitheoir agus ball foirne. Seachadaíodh na ranganna go léir ar Zoom agus rinneadh iad a thaifeadadh agus a stóráil chun críche stórála agus slándála. D'éirigh thar barr leis an athrú seo agus bhog os cionn 80% de dhaltáí go dtí an teagasc ar líne. Cuireadh deireadh leis an gClár Scoile, a bhí á seachadadh do roinnt bunscoileanna sa réigiún nuair a dúnadh na scoileanna. Ach chuir na teagascóirí físeáin suas ar Youtube agus scaip na scoileanna iad ar na daltaí agus glacadh go maith leis seo.

Lean an Clár Traidisiúnta, an Clár Cóir agns an Clár Ceolfhoirne ar líne agus bhí roinnt léirithe ann a foilsíodh ar Facebook agus ar Youtube. Ina theannta sin, reáchtáil Music Generation Laois Oíche an Mhicreafóin Oscailte Ar Líne. Is éard a bhí ann ná ardán cruthaitheach ceoil do dhaoine óga idir 12 agus 18 ina gcónaí ar oileán na hÉireann. Thug an tionscadal seo cuireadh do cheoltóirí óga ar fud na hÉireann físeán a sheoladh de hamhráin/píosaí ceoil/rapcheol/ceol leictreonach a bhí cumtha acu féin. Rinne Music Generation Laois na físeáin a athbhreithniú, agus ansin roghnaíodh cuid díobh le beoshruathú ag Oíche an Mhicreafóin Oscailte Ar Líne agus ar an gcainéal Youtube.

Leathnaigh Music Generation Laois an Cheolfhoireann Traidisiúnta amach freisin tríd an grúpa a bhogadh ar líne agus triail a oscailt do dhaoine óga ar fud na hÉireann. Tháinig méadú ar an mballraíocht ó 23 go dtí 72 mar thoradh air sin. Bhí cleachtadh seachtainiúil ar Zoom an an grúpa seo.

Is cúis imní é don todchaí maidir leis an gClár Scoileanna nach mbeidh an rochtain chéanna ar sheomraí ranga nuair a athosclófar na scoileanna i Meán Fómhair, agus go mbeidh sé riachtanach bealaí eile a chomhaontú leis na scoileanna comhpháirtithe chun na cláir a sheachadadh. Ós rud é go n-íocann na scoileanna as an tseirbhís seo, chuirfeadh laghdú ioncaim brú airgeadais ar an tionscadal. D'fhéadfadh sé go mbeidh gá foinsí ioncaim malartacha a chur san áireamh chun an bhris a thabhairt isteach.

Ba léiriú é ar thiomantas na dteagascóirí páirtaimsertha gur bogadh an chuid is mór de na ranganna ar líne go rathúil agus is meán an-difriúil é seo i gcomparáid leis an ngnáthchleachtadh. Beidh gá le hoiliúint agus le tacaíocht bhreise inseirbhíse a chur ar fáil do na teagascóirí mar is dócha go leanfar leis an modh seachadta seo ar feadh tréimhse fada sa chéad bhliain scoile eile.

Ó tharla gur éirigh chomh maith sin leis an tionscadal roinnt den soláthar a bhogadh ar líne, ba chóir roinnt den soláthar a choimeád ar líne mar d'fhéadfadh sé líon níos mó de dhaoine óga a mhealladh agus solúbthacht a thabhairt dóibh maidir le cén uair an ceacht a dhéanamh ar líne. D'fhéadfadh sé go mbeidh bogearraí breise ag teastáil chun tacú lena leithéid de thionscnamh.

3.17. Scoil Cheoil Laoise

Bunaíodh Scoil Cheoil Laoise (LSM) in 2001 i gcur chuige comhpháirtíochta idir Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Laoise and Coiste Gairmoideachais Laoise mar a bhí, leis an aidhm teagasc ceoil ardchaighdeán ar feadh an tsaoil a sheachadadh ag baint úsáide as uirlisí ceoil éagsúla agus é a bheith ar fáil do gach earnáil den phobal. Tá an scoil, atá bunaithe in Ionad Ceoil Laoise, beagnach 20 bliain d'aois anois agus is í an t-ionad bairr feabhais cheoil i lár na tíre. Leanann sí uirthi timpeallacht chruthaitheach agus cothaitheach a sholáthar a thacaíonn leis an ionchuimsiú sóisialta and ligeann sé do dhaoine óga foghlaim, a scileanna a fhorbairt don bhreisoideachas, nó díreach grá an cheoil a fháil amach, rud a bheidh tionchar dearfach aige ar an saol.

Tá foireann tiomanta de 15 teagascóir agus cleachtóir gairmiúil ag LSM agus soláthraíonn sí sainteagasc do leanaí os cionn 4 bliain d'aois agus do dhaoine fásta ar raon clár uirlise cosúil leis an bpiano, gaothuirilísí adhmaid, téaduirlisí, cnaguirilísí chomh maith le Kinderceol & ranganna réamhuirlise, guthoilíúint agus Teoiric an Cheoil, lena n-áirítear ceol don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht. Tá Rannóg Cheolfhoirne ag LSM freisin ina bhfuil Ceolfhoireann Óige Laoise. Sheinn an Cheolfhoireann ag ceolchoirmeacha ardphróifile éagsúla sa bhaile agus thar lear. Is í an t-ionad scrúdaithe áitiúil aitheanta i lár na tíre do na comhlachtaí scrúdúcháin RIAM agus ABRSM agus óstálann sí na céadta daltaí scrúdaithe gach bliain. Le tacaíocht óna gcomhpháirtithe cistithe agus de bharr na dtáillí iomaíocha a ghearann sí, chinnteodh inmhharthanacht fadtéarmach LSM go neadófaí an ceoil i gContae Laoise don todcháil.

Nuair a thosaigh Covid-19 agus nuair a dúnadh na scoileanna faoi theoirilínte an rialtais, bhí tasc deacair roimh LSM – leanúint leis na ranganna ar líne i dtimpeallacht shábháilte gan géilliú ar an gcaighdeán. Ghlac LSM agus a gcomhpháirtithe Music Generation Laois go tapaidh le cur chuige dírithe ar ranganna a bhogadh ar líne agus forbraíodh Nósanna Imeachta Múinteoireachta, toiliú tuismitheora agus teagascóra san áireamh, tar éis treoir a lorg ó comhlachtaí ceoil gairmiúla éagsúla. Tar éis roinnt ardán físeáin bheo a thástáil a bhí dírithe ar an gceol beo, bheartaíomar Zoom a úsáid mar ba é an ceann ba sheasmhaí é le dearochtain. Rinneadh gach rang taifeadta, má ba chuí, a stóráil ar OneDrive agus roinneadh iad leis an gComhordaitheoir ó LSM. D'éirigh leis an athrú seo mar bhog thart ar 50% de ranganna aonair ar líne laistigh de sheachtain tar éis don dianghlásáil tosú agus bhí an t-aiseolas a fuarthas ó thuismitheoirí agus ó dhaltaí thar a bheith dearfach. Tugadh isteach seirbhís chun na huirlisí a fhágáil ar ais go dtí Ionad Ceoil Laoise chun tiúnáil agus seirbhísiú a dhéanamh orthu, rud a rinneadh ar bhealach sábháilte agus sláintithe.

Do ghníomhaíochtaí grúpa cosúil le Kinderceol, Teoiric an Cheoil, and Ceol don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht, ghlac LSM cur chuige cianfoghhlama. Rinneadh scanánú d'fhíseáin theagaisc réamhtaifeadta agus seachadaíodh iad do dhaltaí Kinderceol chomh maith le ceachtanna sa teoiric cheoil. Bhí an teagascóir don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht i dteagmháil lena chuid daltaí trí ríomhphost na dtuismitheoirí agus tugadh ceachtanna agus obair rangbhunaithe ar bhonn seachtainiúil le linn na dianghlásála. Cuireadh an Cheolfhoireann Óige ar fionraí leis an aidhm teacht le chéile go cian i Lúnasa/Meán Fómhair, ach seans go laghdófar méid na ceolfhoirne go grúpaí aireagail níos lú agus ceathairéid ionas go mbeidh cleachtaí fisiciúla in ann dul ar aghaidh faoi shrianta scaradh sóisialta. Bhí an t-ádh le roinnt ball den Cheolfhoireann Óige seinm in éineacht le teagascóirí i dtimpeallacht allamuigh ag Ionad Ceoil Laoise i

Meitheamh mar chuid den tionscamh #OdeToJoy de chuid Nationwide chun crógacht ár n-oibrithe ar an líne thosaigh a chomóradh. Reáchtáladh sraith de cheolchoirmeacha daltaí fíorúla freisin ar chainéal príobháideach Youtbue le haghaidh teagascóirí, tuismitheoirí agus daltaí.

Ní féidir gach uirlis a bhogadh to dtí timpeallacht ar líne agus cé nach mbeidh an meán fíorúil riamh in ann ceachtanna fisiciúla a ionadú, ní mór glacadh leis go bhféadfadh sé go bhfuil buanathrú tagtha ar thórdhreach an teagaisc cheoil agus go mbeidh ar scoileanna ceoil dul in oiriúint do na hathruithe seo agus taithí foghlaim chumaisc a thairiscint, agus an rogha a bheith ann an dá rud a dhéanamh. Ní mór teagascóirí LSM agus Music Generation Laoise a mholadh as dul in oiriúint chomh gasta sin don normáltacht nua agus fáiltíonn an dá chlár roimh an deis an t-ardán seo a fhiosrú tuilleadh ó thaobh CDP de agus ó thaobh na teicneolaíochta de. Go deimhin, chuirfeadh seo ar chumas na gclár seo cuardach i bhfad agus i ngearr maidir le sruthanna ioncaim a chabhródh leis an t-easnamh atá ann de bharr COVID-19 a mhaolú.

Mír 4: An Tionchar ar an mBreisoideachas agus ar Sheirbhísí Oiliúna

Réamhrá

Tá réimse seirbhísí breisoideachais agus oiliúna ag BO&OLU atá láidir agus éagsúil sa dá chontae á seachadadh ag an dá chontae, dhá áis oiliúna, Seirbhís Oideachais in dhá phríosún, Seirbhís Treorach d'Aosaigh, Seirbhís Litearthachta agus Seirbhís Oideachais Phobail.

Is í aidhm na seirbhíse *“daoine fásta a spreagadh, a chumasú agus a thacú ar mian leo filleadh ar an oideachas agus leas a bhaint as deiseanna oideachais a oireanna dá gcuid riachtanas.”*¹¹ Seachadaíonn BO&OLU réimse clár páirtaimseartha agus lánaimseartha ina n-ionad FET ó Leibhéal 1 go dtí 6 ar an an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Seachadaíonn sé freisin réimse leathan oiliúna do réimse leathan de chliaint, iad siúd atá ag dul i mbun oibre den chéad uair, iad siúd atá ag athrú gairme beatha, daoine faoi mhíchumas agus daoine a fhágann an scoil go luath. Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna freisin oiliúint Céim 2 sa Phrintíseacht Leictreach.

San earnáil FET tá dhá chomhlacht reachtúil seachtrach a bhfuil tionchar acu ar chinnteoireacht na Foirne Bainistíochta FET. Is é SOLAS an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna in Éirinn agus tá sé freagrach as na cláir bhreisoideachais agus oiliúna a chistiú, a phleanáil agus chomhordú. Comhaontaíodh plean bliantúil de chlár, de thorthaí feidhmithe, mar aon le buiséad le SOLAS do 2020. Beidh BO&OLU freagrach do SOLAS as a fheidhmíocht.

Lena chois sin, is é Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) an comhlacht reachtúil a bhfuil bailíochtú déanta aige ar chlár BO&OLU FET agus ar a nósanna imeacht maidir le dearbhú cáilíochta.

Bhí sé riachtanach go gcuirfeadh an Fhoireann Bainistíochta FET riachtanais agus treoir ó SOLAS agus QQI san áireamh nuair a bhí cinntí a ndéanamh aici maidir leis an bhfreagairt ar COVID-19. Sa mhír seo féachtar ar conas a ghníomhaigh lucht bainistíochta agus an fhoireann nuair a dúndadh na hionaid mar chuid den fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19. Bhí go leor i gcomhar ag an rannóg FET agus ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann dara leibhéal maidir leis na búshláin a bhí rompu; bogadh go dtí an chianmhúinteoireacht agus an chianfhoghlaím, agus teagmháil agus rannpháirtíocht a choimeád suas leis na foghlaimoirí, go háirithe iad siúd faoi mhíbhuntáiste oideachais. Cuirfear síos thíos ar an bhfreagairt ar bhogadh go dtí an chianmhúinteoireacht agus ar na dúshláin a bhí roimh múinteoirí agus roimh foghlaimoirí.

Déanann QQI teastasú ar fhorhmór na gclár teastasaithe a chuireann an tseirbhís FET ar fáil. Leagtar na modheolaíochtaí measúnaithe amach go háitiúil sna cláir bailíochtaithe QQI. I mórán de na cláir bhí scrúduithe deireadh bliana, agus nuair a dúndadh na scoileanna bhí gá athfhorbairt a dhéanamh ar mhórán de na scrúduithe mar uirlisí measúnaithe malartacha ar aon dul le torthaí foghlama faofa QQI na gclár ábhartha. Bhí dúshlán breise ag an bhFoireann Bainistíochta FET cinnte a dhéanamh de go gcloífi i gceart le nósanna imeachta

11 Sliocht ó shuíomh gréasáin BO&OLU ar mhír a bhaineann le Breisoideachas agus Oiliúint

maidir le Dearbhú Cáilíochta. Mar sin, bhí ar an bhFoireann Bainistíochta FET plean teagmhais mionsonraithe⁴ a chur faoi bhráid QQI.¹² Ní dhéanfar aithris ar ábhar na tuarascála sin anseo ach bainfear úsáid as cuid den ábhar chun achoimre a dhéanamh ar na gníomhartha a rinneadh. Chuir na hagallaimh a rinneadh roinnt sonraí breise ar fáil maidir le cur i bhfeidhm na bpleananna teagmhais.

4.1. Freagairt na Foirne Bainistíochta Breisoideachais (FET)

Ar 12 Márta, chuir an Fhoireann Bainistíochta FET in iúl do gach múinteoir agus do gach foghlaiméir go rabhthas chun na hionaid a dhúnadh agus an teagasc a bhogadh go dtí córais ar líne. An aidhm a bhí ann ná go leanfaí le seirbhísí riachtanacha FET agus teastasú a chur ar fáil, más indéanta. Chuir an dá chuspóir seo dúshlán mhóra roimh lucht bainistíochta agus an fhoireann araon. Murab ionann is an soláthar dara leibhéal, bhí an bealach ag aghaidh soiléir ón tús agus chuir sé seo ar chumas na Foirne Bainistíochta FET plean teagmhais a chur i bhfeidhm chun cláir a chaomhnú agus cláir ag Leibhéal 5 agus 6 a chríochnú agus a theastasú. Beartaíodh go luath, cé go ndéanfaí gach iarracht gach clár a chaomhnú, bhí sé rithábhachtach go dtacófaí le foghlaiméirí a bhí ag críochnú cláir cáiliúcháin iomlán ag Leibhéal 5 agus 6.

4.2. Rialachas ar pholasaithe agus ar nósanna imeachta QA

De réir Struchtúir rialachais QA (féach Aguisín 2) atá faofa ag QQI, is í Foireann Bainistíochta FET a dhéanann cinntí maidir le ceisteanna polasaí agus nósanna imeachta QA agus tá sí freagrach d'Fhoireann Ardbhainistíochta BO&OLU. Ba í an Fhoireann Bainistíochta FET a rinne na cinntí deiridh maidir leis na himpleachtaí a d'eascaíodh ó dhúnadh na scoileanna ar nósanna imeachta QA, ar an múinteoireacht, ar an measúnú agus ar shucruithe nua a chur i bhfeidhm. *"Aontaíonn córas rialachais acadúil na n-institiúidí leis na socruithe malartacha a chiallaíonn go n-athrófar na straitéisí measúnaithe."* (lch7)¹³

Ba mar seo a leanas a bhí an rialachas chun nósanna imeachta maidir le dearbhú cáilíochta agus na hathruithe sealadacha riachtanacha a bhainsiú:

- Cruinnithe rialta ag an bhFoireann Bainistíochta FET ar Microsoft Teams chun moltaí a phlé i dtaca le measúnú malartach agus socruithe teagmhais i dtaca leis an bpróiseas Teastasaithe.
- Sa chás go moltar athruithe in nósanna imeachta, déanann an Fhoireann Bainistíochta FET iad seo a fhaomhadh agus cuirtear ar aghaidh iad go dtí Foireann Ardbhainistíochta BO&OLU chun an faomhadh deiridh a fháil.
- Déanfar aon chúis imní a thuairisciú láithreach don bhainistíocht chun í a fhiosrú nó chun gníomhú ina leith.
- Coimeádfar taifead de gach cinneadh agus athrú a dhéanfar ar phróisis Dearbhú Cáilíochta reatha agus déanfaidh na Struchtúirí Rialachais athbhreithniú orthu agus nótálfar sna miontuairiscí iad.

D'aithin an Fhoireann Bainistíochta FET gurb í an tosaíocht a bhí ann ná cohórt na gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta agus cúrsaí eile ina raibh foghlaiméirí ag iarraidh mórdhámhachtain a ghnóthú chun

¹² Tuarascáil Pleanála Teagmhais LOETB QQI Bealtaine 2020

¹³ QQI COVID-19 Nuashonrú Aibreán 2020

bheith ábalta cur isteach ar institiúidí tríú leibhéal tríd an gcóras Lár-Oifig Iontrála (CAO). Rinneadh gach iarracht chun cinnte a dhéanamh de gur phróiseáladh na grúpaí seo le bheith teastasaithe in am don bhabhta teastasaithe i Meitheamh. Maidir leis na cúrsaí eile, tacaíodh leo le bheith críochnaithe in am don tréimhse measúnaithe i Lúnasa, nó don bhabhta measúnaithe breise in Iúil a chuir QQI ar fáil. I gceist leis seo, bhí os cionn 500 foghlaimoirí i gceithre ionad agus bhí os cionn 80 múinteoir i gceist.

Rinne an fhoireann Tacaíochta Seirbhíse um Dhearbhu Cáilíochta suirbhé ar an fhoireann múinteoireachta a bhí ag obair ar an gcórt tosaíochta sin a mhúineadh agus a mheasúnú, leis an aidhm an t-eolas a leanas a dheimhniú i dtaca le gach modúl: na measúnuithe a bhí déanta cheana féin, an raibh na Torthaí Foghlama múinte cheana féin, agus cad a a bhí ceartaithe cheana féin.

Ó thorthaí an tsuirbhé bhí an Fhoireann Bainistíochta FET ábalta a dheimhniú *“go raibh an chuid is mó den ábhar ranga déanta cheana féin sna cláir a fheidhmíonn de réir an fhéilire acadúil. Mar sin, bhí an chuid is mó de na modúil ag staid go bhféadfaí measúnú a dhéanamh orthu. Mar sin féin, ní fhéadfaí formhór na measúnuithe a dhéanamh anois a bhí le déanamh mar bheadh sé riachtanach go bhfreastalódh na foghlaimoirí ar na hionaid chun Scrúduithe Scríofa agus Léiriú Scileanna a dhéanamh.”* (lch1)¹⁴

4.3. Nósanna Imeachta QA a Athrú

4.3.1. Measúnuithe Malartacha

Ó thorthaí na suirbhéanna a chuir an tSeirbhís Tacaíochta QA ar fáil, bhí pictiúr ann de na measúnuithe a bhí fós le déanamh, cad iad na rudaí a bhí gá iad a athrú chun go mbeidfi ábalta iad a chríochnú in am don bhabhta teastasaithe i Meitheamh, agus do bhabhtaí teastasaithe ina dhiaidh sin.

Maidir le measúnuithe malarjtacha a riar, bhí sé mar thosaíocht ag BO&OLU na rudaí a leanas a chinntiú:

- *“go mbeadh an deis ag foghlaimoirí fianaise a chur ar fáil go bhfuil na torthaí foghlama atá leagtha síos bainte amach acu*
- *Cuirfear gach eolas ar aghaidh d’foghlaimeoirí go tráthúil agus ar bhealach ar féidir é a thuiscint agus go mbeidh dóthain ama i gceist chun ullmhú. Nuair atáthar ag leagan síos spriocdhátaí measúnaithe, ní mór a chur san áireamh go bhféadfadh sé go bhfuil foghlaimoirí ag streachailt le cúrsaí rochtana nó teicneolaíochta, d’fhéadfadh sé go bhfuil dualgais chúraim leanaí ag foghlaimoirí nó dualgais chúraim eile acu nó d’fhéadfadh siad a bheith tinn iad féin (de bharr COVID-19 nó tinnis eile).*
- *Cloífear le hardchaighdeán na measúnuithe; beidh foghlaimoirí ar an eolas maidir leis na rialacha agus meabhrófar dóibh cad iad na rialacha a bhaineann le míchleachtas measúnaithe.*
- *Beidh socruithe feitheoireachta i bhfeidhm chun ardchaighdeán na scrúduithe ar líne a chosaint.*
- *Spreagfar gach foghlaimoir chun measúnú malartach a dhéanamh má mheastar go bhfuil an cur chuige seo cuí agus indéanta. Sa chás go n-iarrann foghlaimoir go gcuirfear siar nó go gcuirfear ar atráth measúnú, déanfar é seo a phlé cás ar chás.*
- *Ní bheidh foghlaimoirí faoi mhíbhuntáiste de bharr athruithe ar fhormáidí agus ar achar ama measúnaithe.*

14 Tuarascáil Pleanála Teagmhais LOETB QQI Bealtaine 2020

- *Tacófar le foghlaimeoirí ag an am seo agus iad ag dul faoi mheasúnú i bhformáid difriúil.” (lch2)¹⁵*

Tá sé seo ar aon dul leis na prionsabail QQI atá leagtha síos mar threoir do na hinstiúidí agus iad i mbun socrúithe malartacha a fhorbairt do chlár agus chun cáilíochtaí a bhaint amach. Sna treoirlínte moladh go ndéanadh soláthróirí cinntí go tráthúil; go mbeadh siad i dteagmháil le daltaí agus le páirtithe leasmhara agus gcuirfeadh siad gach eolas ar fáil dóibh; go dtabharfadh siad aire do ghrúpaí foghlaimeoirí; go gcloífeadh siad le caighdeán arda; go mbeadh maoirseacht acadúil ann; agus go mbeadh siad nasctha le tacaíochtaí náisiúnta. (lch7)¹⁶

Lena chois sin, pléadh na pleananna teagmhais le hAontas Múinteoirí Éireann (TUI) agus comhaontaíodh conas a chuirfidh trí príomhréimse chun cinn.

4.3.2. Scrúduithe Teoirice

An chéad chéim a tógadh ná na rud eile a chur in áit na Scrúduithe traidisiúnta Teoirice, go háirithe don chorórt tosaíochta CAO. Cuireadh síos ar an bpróiseas mar seo: *“Bhí ar gach múinteoir/teagascóir a bhí ag múineadh modúl ina raibh Scrúdú Teoirice fós le déanamh, foirm Teimpléid a chomhlánú ina mholfai modh malartach measúnaithe. Don chohórt tosaíochta amháin, bhí 64 modúl difriúil á seachadadh do 116 grúpa ranga agus bhí 38 múinteoir difriúil i gceist. Bhí modúil ann ina raibh níos mó ná múinteoir /teagascóir amháin ag múineadh – sna cásanna seo, bhí sé tábhachtach a chinntiú go raibh leibhéal comhsheasmhachta agus cothroim ann.*

Cuireadh gach moladh a fuarthas isteach ar cháipéis teimpléid, a cuireadh faoi bhráid na Foirne Bainistíochta FET go rialta. Rinneadh na moltaí a fhaomhadh nó cuireadh ar ais iad chuig an múinteoir/teagascóir chun tuilleadh machnaimh a dhéanamh orthu, nó níor faomhadh iad (as cúiseanna éagsúla, mar shampla, má measadh go raibh an measúnú míoiriúnach, nó mura raibh rochtain ag foghlaimeoirí ar an teicneolaíocht chuí, pacáistí TF, srl.) agus i roinnt cásanna, measadh gurbh é cur chuige ab oiriúnaí ná an measúnú a chuir siar go dtí mbeadh an foghlaimeoir ábalta dul isteach san ionad arís.” (lch2)¹⁷

Faoi 25 Aibreán, bhí faomhadh faighte ag na 38 múinteoir dá measúnuithe malartacha agus bhí a mbainisteoirí agus an tSeirbhís Tacaíochta QA ag tacú leo a gcuid foghlaimeoirí a chumasú chun na measúnuithe a chríochnú sna réimsí difriúla. Coimeádadh taifead de na Measúnuithe Malartacha Faofa chun go mbeifí ábalta na gníomhartha agus na cinntí ina leith a rianú.

Ba iad na measúnuithe malartacha is coitianta a faomhadh ná Tascanna in áit Scrúduithe, nó Scrúduithe ar líne. D’oibrigh an tSeirbhís Tacaíochta QA go dlúth leis an bhfoireann ábhartha chun go rachadh an fhoireann agus na foghlaimeoirí i dtaithe ar an gcóras Moodle a úsáidtear le haghaidh na scrúduithe ar líne. Ghlac an tSeirbhís Tacaíochta QA freagracht as monatóireacht/feitheoireacht a dhéanamh ar na Scrúduithe ar Líne chun ardchaighdeán na measúnuithe a chosaint agus rinneadh os cionn 70 scrúduithe ar líne. D’aithin na múinteoirí

15 Tuarascáil Pleanála Teagmhais LOETB QQI Bealtaine 2020

16 QQI – Cur Chuige i leith socrúithe malartacha le haghaidh clár agus cáilíochtaí a bhaint amach lch7

17 Tuarascáil Pleanála Teagmhais LOETB QQI Bealtaine 2020

gur tacaíocht thábhachtach a bhí i gceist leis seo dóibh féin agus dá bhfoghlaimeoirí agus chuir sé seo le creidiúnacht na Seirbhíse Tacaíochta QA.

Ba mhór an t-éacht é d'fhoireann na Seirbhíse Tacaíochta QA gur comhlánaíodh an próiseas seo go rathúil.

The successful completion of this process was a considerable achievement for the staff of the QA Support Service.

4.3.3. Léiriú Scileanna agus Tionscadail

Chinn an Fhoireann Bainistíochta FET na measúnuithe a chur siar a mbeadh gá le trealamh agus áiseanna speisialaithe chun iad a dhéanamh, go dtí go mbeadh na foghlaimeoirí ábalta rochtain a fháil ar na hionaid chun iad a chríochnú. I dtús báire, tabharfaí tús áite do na grúpaí foghlama a raibh gá le bogearraí nó trealamh speisialaithe chun measúnú a dhéanamh ar a gcúrsa. Bhíothas ag súil go mbeadh na measúnuithe críochnaithe in am don bhabhta teastasaithe i Meitheamh, ach más amhlaidh go raibh srianta fós i bhfeidhm, bhainfí úsáid as an mbabhta breise Teastasaithe a bhí curtha ar fáil ag QQI.

4.3.4. Taithí Oibre

Rinne an tSeirbhís Tacaíochta QA suirbhé eile chun a dheimhniú cé mhéad foghlaimeoirí a bhí sé i gceist acu mórdhámhachtain a dhéanamh sna babhtaí teastasaithe i Meitheamh agus i Lúnasa, nach raibh ag comhlíonadh na riachtanais go léir don mhodúl agus don mhórdhámhachtain a bhí ar siúl acu. Bhí na freagraí a fuarthas measartha dearfach mar bhí formhór ag comhlíonadh na riachtanas. Mar sin féin, bhí thart ar 30% d'foghlaimeoirí nach raibh ag comhlíonadh na riachtanas ar bhealaí éagsúla.

D'fhaomh an Fhoireann Bainistíochta FET moladh ón tSeirbhís Tacaíochta QA le haghaidh Socruithe Malartacha d'foghlaimeoirí nár chomhlíon na Riachtanais iomlána maidir le Taithí Oibre. Seo thíos an moladh:

Tar éis anailís a dhéanamh ar na cúinsí, táthar tar éis ceithre chohórt difriúla d'foghlaimeoirí a aithint.

1. *Foghlaimeoirí a bhfuil an líon d'uaireanta riachtanach curtha isteach acu ach nach bhfuil Tuarascáil Maoirseora acu nó níor deimhníodh an Tuarascáil sin.*
2. *Foghlaimeoirí a bhfuil 75% nó níos mó de na huaireanta riachtanacha curtha isteach acu*
3. *Foghlaimeoirí a bhfuil 50%-74% de na huaireanta riachtanacha curtha isteach acu*
4. *Foghlaimeoirí a bhfuil níos lú ná 50% de na huaireanta riachtanacha curtha isteach acu nó nach bhfuil aon uaireanta ar bith déanta acu (7)¹⁸*

D'fhaomh an Fhoireann Bainistíochta FET socrú malartach do gach ceann de na grúpaí thuas chun tacú le foghlaimeoirí na riachtanais a chomhlánú chun críche teastasaithe. Ansin chuir na hionaid na gníomhartha seo i bhfeidhm le tacaíocht ón tSeirbhís Tacaíochta QA.

18 Tuarascáil Pleanála Teagmhais LOETB QQI Bealtaine 2020

4.4 Athruithe ar Nósanna Imeachta Teastasaithe

4.4.1. Deimhniú Inmheánach (IV)

Chuir BO&OLU plan teagmhais i bhfeidhm le haghaidh Fianaise Foghlaimoirí a bhí i seilbh na múinteoirí chun é seo a bhailiú ó thithe na múinteoirí. Sa tslí seo bhíothas ábhalta leanúint leis na próisis Deimhnithe Inmheánaigh agus Fíordheimhnithe Seachtraigh. Bhí líon teoranta de bhaill foirne criticiúla i mbun Deimhnithe Inmheánaigh faoi chionníollacha dochta maidir le scaradh sóisialta. Cuireadh na hathruithe in iúl don fhoireann i ríomhphost ar 24 Aibreán. Rinne an tSeirbhís Tacaíochta QA na próisis Deimhnithe Inmheánaigh agus Fíordheimhnithe Seachtraigha bhainistiú go lárnach do gach clár FET ar fud na heagraíochta.

D'ullmhaigh agus d'fhaomh an Fhoireann Bainistíochta FET Doiciméad Treorach maidir le conas ar chóir na fillteáin a ullmhú don phróiseas teastasaithe agus leasaíodh roinnt foirmeacha chun a chur san áireamh na bealaí éagsúla ar chóir an fhianaise a chur i láthair. Bhí solúbthacht ann maidir le conas na fillteáin a chur i láthair – sa ghnáthfhormaid páipéir, i bhformáid dhigiteach nó an dá rud le chéile. Cuireadh an t-eolas ar fad ar fáil don fhoireann ar an Rannóg Acmhainní QQI ar shuíomh gréasáin BO&OLU.

Bhailigh an tSeirbhís Tacaíochta QA na fillteáin go léir agus rinneadh an próiseas Deimhnithe Inmheánaigh in am. Tasc ollmhór a bhí ann a d'éiligh solúbthacht ón bhfoireann. Ba í an phríomhtheachtairacht do na múinteoirí ná, nuair a bhí an t-ábhar go léir réidh, déanfaí socrúithe chun é a bhailiú. Sa tslí seo, bhí an fhoireann ábalta an próiseas deimhnithe a dhéanamh ar bhealach leanúnach agus mar sin bhíothas ábhalta an próiseas a chríochnú ar bhealach níos éifeachtúla.

De bharr na gcúinsí uathúla, beartaíodh go ndéanadh na Fíoraitheoirí Inmheánacha seiceáil ar 100% de na marcanna a tugadh do na fillteáin chun erráidí ríomha a chur as an áireamh. Mar a tharla, cinneadh tábhachtach a bhí ann mar fuarthas roinnt earráidí nuair a suimíodh nó nuair a tras-scríobhadh uimhreacha agus chuathas i ngleic leo, rud a laghdaigh líon na n-achomharc ina dhiaidh sin. Chun an próiseas a dhéanamh níos éifeachtúla, bhí ar an múinteoir a scéim marcála féin a chur ar fáil mar aon le bileoga marcála ó na tuairisceoirí modúil, agus priontáladh na bileoga Torthaí Achoimrithe do gach modúl.

4.4.2. Fíordheimhniú Seachtrach (EA)

D'fhaomh an Fhoireann Bainistíochta FET na socrúithe teagmhais de bharr COVID-19 don phróiseas Fíordheimhnithe Seachtrach mar atá leagtha amach síos.

Sa chás go raibh múinteoirí nua ag múineadh modúil, rinneadh fíordheimhniú seachtrach ar na modúil sin. Ina theanna sin, fostaíodh Fíordheimhnitheoirí chun obair in ionaid difriúla i réimsí cosúil le Cumarsáid agus Taithí Oibre. Cuireadh socrúithe in áit do na Fíordheimhnitheoirí chun cuairt a thabhairt, nó mura bhféadfaí é sin a dhéanamh, socraíodh go mbeadh an fhianaise ar fáil go digiteach don Fíordheimhnitheoir nó go seachadófaí an fhianaise foghlama le seirbhís cúiréireachta go dtí agus ó theach an Fhíordheimhnitheora, le comhaontú an Fhíordheimhnitheora. Críochnaíodh an próiseas EA go rathúil agus cuireadh gach tuairisc ar aghaidh go dtí cruinnithe an Phainéil Faofa Torthaí.

4.4.3. Cruinnithe an Phainéil Faofa Torthaí

Reáchtáladh cruinnithe an Phainéil Faofa Torthaí aghaidh ar aghaidh nó trí Microsoft Teams mar a bhí pleanáilte, in am do na spriocdhátaí i Meitheamh, Iúil agus Lúnasa.

Cuireadh an bhéim ar na rudaí seo a leanas:

- Comparáid chuimsitheach idir na torthaí i mbliana agus torthaí blianta eile roimhe seo chun cinnte a dhéanamh de go raibh comhsheasmhacht ann maidir leis na torthaí a bronnadh, tar éis fachtóirí éagsúla a chur san áireamh.
- Cinnte a dhéanamh de mbeidh an Taifead de Mheasúnuithe Malartacha Faofa mar chuid de na taifid chun críche próiseála teastasaithe.

Baineadh an sprioc amach in am, go mbeadh ar chumas gach foghlaimeoir a bhí ag iarraidh bogadh ar aghaidh go dtí cúrsaí tríú leibhéal, torthaí a chur isteach do phróiseas teastasaithe an CAO.

4.5. Tionchar an dúnaidh ar Sheirbhísí áirithe

4.5.1. Seirbhísí Litearthachta

Sa tuarascáil le haghaidh QQI, dúirt BO&OLU “bhí sé níos deacra an soláthar a choimeád suas ar líne ag na leibhéil níos ísle (Leibhéil 1-3, agus uaireanta 4 ag brath ar an gcóhórt foghlaimeora). Ba é an cur chuige is coitianta a ghlac teagascóirí ná ábhar foghlama a sheachadadh d’foghlaimeoirí sa phost agus bheith i dteagmháil ar an nguthán agus ar ríomhphost. Bhí sé seo éifeachtach go maith maidir le rannpháirtíocht foghlaimeora a spreagadh roimh saoire na Cásca – bhí an rannpháirtíocht foghlaimeora ag thart ar 80% (de réir suirbhé a rinneadh ar na hionaid).¹⁹

Cosúil leis an soláthar dara leibhéal, tharla titim mór i rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí tar éis saoire na Cásca. I measc na gcúiseanna bhí easpa cúraim leanaí, rochtain teoranta ar TF/idirlín, easpa scileanna TF, tinneas nó gan bheith ábalta bheith i láthair de bharr bheith fostaithe (go sealadach nó eile) i seirbhísí líne thosaigh. D’aithin teagascóirí freisin gur mór an spreagadh é d’foghlaimeoirí fásta leochaileacha má tá caidreamh tacúil ann leis an teagascóir chomh maith leis an múinteoireacht aghaidh ar aghaidh. Rinne teagascóirí iarracht lenaúnach bheith i dteagmháil leis na foghlaimeoirí seo sa tsúil go mbeadh siad ag filleadh ar an soláthar díreach san Fhómhair. Sheol na Seirbhísí Litearthachta freisin dhá tionscnamh chun tacú leo siúd a d’fhéadfadh a bheith ag streachailt leis an bhfoghlaim sa bhaile nuair a bhí na hionaid dúnta. Tionscnamh Tacaíochta Foghlaimeora a bhí sa chéad cheann, a chuir cúnamh ar fáil do dhaoine a raibh fadhb acu leis an gcianfoghlaim, mar shampla, tascanna a uaslódáil, rochtain a fháil ar obair chúrsa, mata/litearthacht srl. An dara tionscnamh a seoladh ná Tacaíocht do Thuismitheoirí a bhí ag cabhrú le leanaí lena gcuid obair bhaile, mar shampla, an Ghaeilge do Thuismitheoirí, Mata do Thuismitheoirí agus cabhair do Thuismitheoirí nach é an Béarla a dteanga dhúchais.

19 Tuarascáil Pleanála Teagmhais LOETB QQI Bealtaine 2020

4.5.2. Oideachas Pobail

Bhí tionchar diúltach ag an ngéarchéim ar mhórán de na cláir Oideachais Phobail a bhí sceidealta le tosú in 2020. Bhí na hÉascaitheoirí Oideachais Phobail orthu i dteagmháil leo siúd ba mhó a bhí faoi bhuntáiste tríd na meáin shóisialta. Baineadh é seo amach trí fhíseáin theagaisc a rinne teagascóirí BO&OLU a cuireadh suas ar leathanach Facebook Oideachais Phobail BO&OLU.

Bhí 52 físeán ann agus breathnaigh 142,124 úsáideoir Facebook san iomlán orthu ar feadh 650 uair an chloig (uair amháin ar a laghad).

Ghnóthaigh na físeáin 620 barúil agus 2,282 ‘is maith liom’, agus faoi láthair féachann 1,114 duine ar an meán ar gach póstáil Oideachais Phobail, méadú ó 4 duine ar a gcéad lá den dianghlaisáil. Tá 932 leantóirí anois ag an leathanach Oideachais Phobail, agus táthar ag súil go n-úsáidfear é seo mar thús dearfach chun dul i mbun tuilleadh oideachais agus oiliúna ar chlár sceidealta le tosú i Meán Fómhair. Bhí sé thar a bheith tábhachtach go gcaomhnófaí an caidreamh le foghlaimoirí agus le grúpaí pobail i rith na dianghlaisála agus baineadh é seo amach trí go leor idirghníomhaíochta cosúil le cláir fhotagrafaíochta ar líne a forbraíodh agus a tugadh isteach.

4.5.3. Seirbhísí Oiliúna

Tá leibéal oiliúna suntasach ann i mBO&LU. Soláthraítear 2 clár Printíseachta Leictreachais Céim 2, dhá áis oiliúna (Ionad Scileanna Lár na Tíre i dTulach Mhór agus an tIonad Foirgníochta Náisiúnta i Mount Lucas, Ionad Oiliúna Pobail, agus réimse clár a sheachadaítear ar conradh le Second Providers.

Bhí dhá chúrsa leictreachais céim 2 díreach tar éis tosú, agus ní rabhthas ábalta an cúrsa a choimeád ar líne de bharr é a bheith chomh praiticiúil sin.

Cuireadh siar an clár d’fhostaithe Scileanna chun Dul ar Aghaidh mar ní raibh na rannpháirtithe fostaithe a thuilleadh.

Críochnaíodh roinnt cúrsa a bhí á gcur ar fáil ag Contracted Training mar bhí siad beagnach críochnaithe nuair a tharla an dúnadh. Mar sin féin, níorbh fhéidir cláir eile a chríochnú de bharr na measúnuithe praiticiúla. Ós rud é go raibh airgead á íoc leis na hoiliúnaithe ar an gcúrsa, d’iarr SOLAS ar BO&O údar a thabhairt leis an íocaíocht sin le linn an dúnaidh. Mar sin, bhí ar na hoiliúnaithe leibhéal rannpháirtíochta a chaomhnú chun go bhfaigheadh siad an íocaíocht. Cuireadh na modúil teorice ar fáil ar líne, agus tairgeadh modúil eile i scileanna boga agus inaistrithe. Bhí an rannpháirtíocht sna modúil seo ar bhonn deonach mar ní cuid lárnach den chúrsa iad.

Lean na Soláthróirí Contracted Training outhu ag cur modúil ar fáil chomh maith le leibhéal tacaíochta dá n-oiliúnaithe. Is é an socrú a bhí ann leis na conraitheoirí ná go n-íocfaí 50% den táille ar bhonn leanúnach. D’fhéadfadh an conraitheoir éileamh a dhéanamh i leith aon obair bhreise a rinneadh. Bhí ar an gclár Cúraim Sláinte aistriú ón measúnú praiticiúil go dtí léiriú scileanna ar fhíseán ar líne.

4.5.4. Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla agus Soláthróirí Sainoiliúna

Tá ceithre Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla (Local Training Initiative – LTI, clár oiliúna pobalbhunaithe). Lean trí cinn de na LTI orthu ag cur oiliúna ar fáil trí chláir ar líne, agus bhí LTI amháin nach raibh ábalta leanúint ar aghaidh le linn an dúnaidh mar bhí an dáta tosaigh tar éis don dianghlasáil teacht i bhfeidhm. D'iarr BO&O ar an bhfoireann aistriú go dtí taighde agus forbairt le linn na tréimhse seo. Mar thoradh air seo forbraíodh cláir ar líne i dtaca le Teicnicí Miondíolacháin a tosaíodh le linn na dianghlasála, i gcomhpháirtíocht le Second Providers agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Shóisialaí mar fhreagairt orthu siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach.

Bhí na Líonraí Foghlama Náisiúnta i dteagmháil le fhoghlaimeoirí le linn na dianghlasála. Cé go raibh líon beag foghlaimeoirí ann a bhí mall ag cur obair isteach, thuairiscigh dhá ionad go raibh 100% de rannpháirtíocht ann suas go dtí an Cháisc. Tháinig laghdú air seo beagáinín ina dhiaidh sin de bharr saincheisteanna cosúil le rochtain dhigiteach teoranta agus drochhshláinte /imní, ach lean na hionaid ag tacú le foghlaimeoirí trí theagmháil le seirbhísí /gníomhaireachtaí eile chun a chinntiú go raibh bia ag na foghlaimeoirí agus rochtain ar thacaíochtaí mar ba chuí.

4.5.5. Ógtheagmháil agus Ionad Oiliúna Pobail (Community Training Centre, CTC)

Cuireann Ógtheagmháil agus an CTC cláir ar fáil do dhaoine óga a bhfuil an scoil fágtha acu gan an Ardteistiméireacht a dhéanamh. Arís, an dúshlán a bhí ann don fhoireann ná an teagmháil a chaomhnú leis na foghlaimeoirí agus tacú leo le linn na dianghlasála. Bhí an rannpháirtíocht teoranta ó thaobh an oideachais de. Nótáladh go raibh leibhéal rannpháirtíochta na bhfoghlaimeoirí níos láidre ná mar a bhí in Ógtheagmháil (ag 93% roimh an Cháisc) toisc go raibh na foghlaimeoirí ag an CTC ag úsáid ardáin ar líne cheana féin (Google Suite). D'éirigh leis an CTC cianmheasúnuithe a chur isteach go rathúil do na cláir Bearbóireacht VTCT, agus Gruaig agus Áilleacht, agus thug IQA agus EQA araon moladh don CTC. Bunaithe ar na gráid ríofa, Diplómaí VTCT san áireamh, bronnfar Mórdhámhachtain/Diplóma ar 17 foghlaimeoir i nDeireadh Fómhair (críochnóidh 100% d'fhoghlaimeoirí an cúrsa i mbliana).

4.5.6. Cláir Iar-Ardteistiméireachta

Tá na Cláir Iar-Ardteistiméireachta bunaithe i dtrí suíomh: Institiúid Phort Laoise, Ionad Thulach Mhór, agus Ionad FET Mainistir Laoise. Soláthraíonn siad réimse cúrsaí ag Leibhéal 5 agus 6, agus tá meascán d'obair phraiticiúil, obair acadúil agus taithí oibre atá deartha chun bheith ina gcéim i dtreo fostaíochta oilte nó i dtreo an oideachais tríú leibhéal.

An dúshlán a bhí roimh na hionaid seo ná a chinntiú go raibh na foghlaimeoirí á dtacú chun an obair chúrsa agus na tascanna a chríochnú agus a gcuid oibre a chur ar aghaidh don teastasú. Bhí cumarsáid rialta ann le foghlaimeoirí trí chomhdhála ar líne, glaoch gutháin, ríomhphost agus téacs. Bhí an fócas orthu siúd a bhí ag críochnú cláir Leibhéal 5 agus 6 chun a chinnti go rachadh siad ar aghaidh tríd an bpróiseas CAO ag deireadh na bliana acadúla.

Bhain an fhoireann múinteoireachta úsáid as réimse ardán cosúil le Zoom, Microsoft Teams, Screencast-o-matic, agus Skype chun ábhar a sheachadadh ar líne d'fhoghlaimeoirí nuair ab fhéidir. Tugadh isteach

measúnuithe malartacha do na scrúduithe agus comhlánaíodh go rathúil na nósanna imeachta go léir a bhain le dearbhú cáilíochta.

Rinneadh anailís ar thorthaí agus ar leibhéil teastasaithe do na cláir agus fuarthas go raibh na torthaí cosúil leis na blianta roimhe sin. Pléadh na fachtóirí a bhí mar chúis le hathruithe ar raon na ngrád ag cruinnithe an Phainéil Faofa Torthaí, agus ina measc bhí grúpaí a bhí níos láidre nó níos laige ná i mblianta eile, athruithe i leibhéil rannpháirtíochta na bhfoghlaimoirí agus go suimiúil, foghlaimoirí ar tháinig feabhas suntasach ar a gcuid oibre toics go raibh an modh seachadta níos solúbtha – mar shampla, d'fhéadfadh se go raibh an leibhéal freastail íseal ag foghlaimoir ach bhí an leibhéal rannpháirtíochta ar líne níos fearr agus gur éirigh níos fearr leis nó léi sa dhá mhí deireannacha dá gcúrsa.

4.5.7. Ionaid Oideachais i bPríosúin Phort Laoise agus Lár na Tíre

Ba é an cinneadh a rinne an Roinn Cirt ná daonra na bpríosún a chosaint trí rannpháirtíocht chomhlachtaí on taobh amuigh a laghdú. Beartaíodh nach mbeadh na múinteoirí i láthair sna foirgnimh. Bhí na múinteoirí i dteagmháil leis na hOigifigh Oideachais IPS agus, mar thoradh, cuireadh isteach 124 fillteán QQI chun críche teastasaithe le linn na dianghlása chomh maith le tacaíocht a cur ar fáil do 24 mac léinn lena n-ábhair Ardteistiméireachta. D'fhorbraigh agus sholáthraigh an fhoireann múinteoireachta freisin físeáin theagaisc, seimineáir ghréasáin, leabhair oibre, ábhar ealaíne, cúrsaí machnamhachta, pacáistí yoga, pacáistí litearthachta, pacáistí acmhainní ceoil, agus leabhair le linn na tréimhse seo.

4.6. Freagairt a thabhairt ar Riachtanais phráinneacha an Mhargaidh Saothair le Soláthar Ar Líne

Dhear BO&OLU dhá chlár chun freagairt a thabhairt ar riachtanais oiliúna a bhí tar éis éirí práinneach de bharr na paindéime COVID-19. Seo cur síos ar na cláir sin:

4.6.1. Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe

De bharr na ráige COVID-19, d'iarr FSS go práinneach ar dhaoine clárú chun go mbeidís ar gloch chun cabhrú leo siúd buailte leis an víreas le linn na géarchéime. Ghabh BO&OLU air féin freagairt ar an riachtanas práinneach seo, go háirithe sa réigiún Lár Tíre, trí oiliúint ar líne a sholáthar sa Chosc agus Rialú Ionfhabhtuithe do dhaoine a raibh QQI mórdhámhachtain i Leibhéal 5 (ar a laghad) acu, agus d'fhoghlaimoirí i mbun na gclár QQI Leibhéal 5 Tacaíocht sa Chúram Sláinte/Scileanna Seirbhíse Sláinte/ Staidéar Altranais.

Bhí foireann BO&OLU ag obair i gcomhpháirtíocht le gnólachtaí oiliúna ar conradh chun clár cuí ar líne a dhearadh a chuir ar chumas na bhfoghlaimoirí torthaí foghlama áirithe a bhaint amach, agus cuireadh béim faoi leith ar fhaisnéis a bhain le COVID-19 de réir mar a bhí sé ag teacht amach. Rinneadh gach iarracht a chinntiú go mbeadh foghlaimoirí ábalta na measúnuithe a chomhlánú sa bhaile ach ag an am céanna, go gcosnófaí ardchaighdeán an mheasúnaithe. Bhí BO&OLU i dteagmháil le QQI chun a chinntiú go raibh siad ar an eolas maidir leis an gclár a bhí molta agus an modh seachadta, agus go raibh siad sásta leis.

Soláthraíodh an clár ar líne agus mhair sé cúig lá ar a laghad. Bhí rochtain ag foghlaimoirí ar léachtaí ar líne,

ar nótaí agus ar cheardlanna, ar bhonn solúbtha, agus chuir teagascóirí cáilithe a raibh taithí acu, tacaíocht ar fáil go leanúnach. Rinneadh an measúnú i rith an chúrsa agus ag deireadh.

Cuireadh an clár seo ar fáil chun iarracht a dhéanamh freagairt ar riachtanas FSS maidir le baill foirne. Leithdháilfear áiteanna ar chúrsaí fad is a mhairfidh an ghéarchéim COVID-19 amháin. Ní raibh aon chinnteacht ann go bhfaigheadh an foghlaimoir post, pé acu post íoctha nó ar bhonn deonach, le FSS nó le haon fostóir sa tionscal cúraim sláinte, díreach de bharr an cúrsa a bheith críochnaithe acu. Bhí éileamh suntasach ar an gcúrsa as cúinsí éagsúla – bhí an chuid is mó de na hiarratasóirí ag iarraidh fostaíocht a fháil, bhí daoine eile ag iarraidh obair dheonach a dhéanamh le linn na paidéime, agus bhí suim ag daoine eile arís i gcúrsaí rialaithe ionfhabhtuithe de bharr na paidéime.

Tá seacht gcúrsa curtha ar fáil ag BO&OLU go dtí seo, agus bhí 130 rannpháirtithe san iomlán.

Ina dhiaidh sin, chuir roinnt BO&O eile an clár ar fáil chun freastal ar an éileamh go náisiúnta. Suas go dtí babhta teastasaithe mhí Iúil, tá measúnuithe críochnaithe ag 82 foghlaimoir i mBO&OLU agus tá siad curtha isteach acu chun críche teastasaithe, agus tá roinnt foghlaimoirí fós i mbun measúnuithe a chríochnú.

Seoladh suirbhé chuig rannpháirtithe ar na cláir agus dúirt 75% díobh siúd a d'fhreagair go raibh fostaíocht acu faoi láthair.

4.6.2. Clár Cianoibre

D'fhorbair BO&OLU, i gcomhpháirtíocht le UFT, le SOLAS agus le Grow Remote dhá chlár oiliúna nua ar líne agus go náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm acu acmhainn agus ábaltacht a fhorbairt dóibh siúd ar mhian leo bheith ina gcianoibrithe agus dóibh siúd ar mhian leo cianfhoirne a stiúradh. Tá Remote Work Ready dírithe ar fhostaithe agus ar dhaoine dífhostaithe atá ag iarraidh aistriú go dtí ról cianoibre agus tá sé lánchistithe, agus tá Leading Remote Teams dírithe ar bhainisteoirí líne atá i gceannas ar fhoireann ina bhfuil cianoibrithe. I gceist tá teastasú Leadplaceless agus miondámhachtain Leibhéal 6 QQI sa Bhainistíocht Tionscadail.

Seachadaítear an dá chlár ar líne, tá siad ar fáil go náisiúnta agus maireann siad seacht seachtainí (ceadaítear am breise chun ECDL a chríochnú i Remote Work Ready agus chun ábhar measúnaithe a chur isteach don mhodúl Cianfhoirne a Stiúradh).

4.7. Dearcadh an Mhúinteora

Rinne an tSeirbhís Tacaíochta QA suirbhé le múineoirí i mbun soláthair i Leibhéal 5 agus 6 chun aiseolas a fháil uathu maidir leis an méid a d'fhoghlaim siad as an bpróiseas ar fad. Tá an mhír seo bunaithe ar na freagraí a tugadh sa suirbhé sin a chomhlánaigh 27 múinteoir in ceithre ionad FET. Iarradh raon leathan de cheisteanna maidir le taithí na múinteoirí agus déanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta QA torthaí an tsuirbhé a thaifeadadh. Anseo táim ag cur achoimre ghairid de na príomhthorthaí ar fáil.

Chuir na múinteoirí in iúl gurbh é ceann de na constaicí is mó a bhí rompu ó dúnadh na hionaid ná an méadú a bhí tagtha ar an ualach oibre; easpa eolais ar an gcianmhúinteoireacht agus an gcianfhoghlaim; nasc leathanbhanda lag ag roinnt daltaí; easpa acmhainní sa bhaile, cumarsáid le daltaí agus leibhéil rannpháirtíochta i gcoitinne.

D'aithin na múinteoirí go raibh dúshláin shuntasacha roimh foghlaimeoirí agus nótáil siad go raibh foghlaimeoirí buartha faoin aonrú, gur bhraith siad uatha an tacaíocht ó mhúinteoirí agus piaraí, bheith ag obair sa bhaile le tacaíochtaí teoranta, bheith faoi bhrú an obair a dhéanamh, rochtain teoranta ar acmhainní, wifi lag, agus easpa muiníne maidir le córais TF a úsáid, rud a chruthaigh strus agus easpa spreagtha.

Ceist thábhachtach a iarradh ar na múinteoirí ná ar mheas siad go raibh tionchar ag na measúnuithe mionathraithe le brath ar fheidhmíocht na bhfoghlaimeoirí. Dúirt formhór na múinteoirí go raibh na torthaí ag teacht leis an bhfeidhmíocht a bhí ann roimhe sin agus go raibh na torthaí deireadh bliana comhréireach le pátrún na dtorthaí in 2019.

Bhí sé an-soiléir ó thorthaí an tsuirbhé nach raibh cur chuige comhsheasmhach ann maidir le dul i ngleic leis an mbradaíl. Ba chóir don Fhoireann Bainistíochta FET bheith ag machnamh ar phácaíste bradaíola oiriúnach a thabhairt isteach do gach ionad FET. Chabhródh seo go mór le múinteoirí agus le teagascóirí, agus spreagfadh sé go n-úsáidfí córais TF chun aighneachtaí a chur isteach agus measúnú a dhéanamh orthu.

Mar fhreagra ar an gceist, cad iad na gnéithe de na socruithe mionathraithe a d'fhéadfadh a bheith úsáideach tar éis na géarchéime, d'aithin na múinteoirí na rudaí seo a leanas:

- Úsáid a bhaint as Microsoft Teams agus Zoom.
- An seomra ranga fíorúil le haghaidh daltaí nach mór dóibh fanacht sa bhaile as cúiseanna nach bhfuil neart acu orthu
- Scrúduithe ar líne, measúnuithe a bhailiú agus a cheartú, agus faisnéis a stóráil ar líne.
- Gnéithe de na modúil a aithint a d'fhéadfaí cianmheasúnú a dhéanamh orthu
- Léirithe a thaifeadh chun go mbeidh daltaí ábalta féachaint siar orthu ag am a oireann dóibh.
- Daltaí a chur ag obair le chéile trí Teams.

Tá sé seo ag teacht le dearcadh na bainistíochta scoile gur tháinig forbairt mhór ar an aistriú go dtí an chianmhúinteoireacht agus an chianfhoghlaím de bharr na géarchéime agus gur chóir cur leis seo sa chéad bhliain acadúil eile.

4.8. Dearcadh an Fhoghlaimeoir

Rinne an tSeirbhís Tacaíochta QA suirbhé ar foghlaimeoirí i Leibhéal 5 agus 6 chun aiseolas a fháil ar conas a chuaigh an fhreagairt i gcoitinne i bhfeidhm orthu. Tá an mhír seo bunaithe ar na freagairtí a thug 156 foghlaimeoir don suirbhé sin i gceithre ionad FET. Cuireadh raon leathan de cheisteanna ar fhoghlaimeoirí maidir lena dtaithí agus déanfaidh an tSeirbhís Tacaíochta QA torthaí an tsuirbhé a thaifeadh. Anseo táim ag cur achoimre ghairid de na príomhthorthaí ar fáil.

D'aithin foghlaimeoirí na rudaí is mó a bhraith siad uathu de bharr an dúnaidh; ina measc nótáladh go raibh an ghné shóisialta de bheith i láthair sna hionaid FET caillte acu, an caidreamh tacúil le teagascóirí agus le piaraí, bheith ábalta ceisteanna a chur agus freagraí a fháil i bhfíoram, easpa ullmhúcháin do na scrúduithe

agus gan bheith ábalta na gnéithe praiticiúla den chúrsa a dhéanamh sna hionaid.

I measc na bpríomhdushláin, aithníodh go raibh easpa gnáthaimh, deacrachtaí iad féin a spreagadh agus chun staidéir; gan spás fisiciúil a bheith ann chun staidéir, foghlaim conas na hardáin TF a úsáid, easpa leathanbhanda agus gléasanna cuí, scolaíocht bhaile agus easpa ama chun staidéir, gan bheith ábalta na scrúduithe praiticiúla a chríochnú, scrúduithe a dhéanamh ar líne, deacrachtaí maidir le treoracha a leanúint agus fiosrúcháin a dhéanamh trí ríomhphost nó téacs, rudaí a uaslódáil ar moodle agus logáil isteach do na scrúduithe. Dúirt roinnt díobh gurbh é an dúshlán ba mhó a bhí rompu ná an brú ama a bhí ann na tascanna a chríochnú.

D'admhaigh formhór na bhfoghlaimoirí go bhfuair siad tacaíocht chun na dúshláin a shárú, bhí siad buíoch as an méid a rinne na teagascóirí chun bheith i dteagmháil, ábhar foghlama a sholáthar, déileáil le ceisteanna go pras, agus an cúnamh a chuir siad ar fáil leis na tascanna.

4.9. Conclúidí

Tá sá tábhachtach go n-aithneofaí an tiomantas a léirigh lucht bainistíochta agus an fhoireann go léir (foirne múinteoireachta agus riaracháin), agus an Fhoireann Tacaíochta QA atá tar éis éacht oibre a dhéanamh i gcúinsí nach raibh idéalach, chun leanúnachas a chinntiú maidir le seirbhísí a sheachadadh agus a mheasúnú.

Bhí cúinsí de shíor ag athrú, agus bhí pleananna teagmhais á bhforbairt agus á gcoigeartú mar fhreagairt ar chomhairle ó FSS and ón Rialtas ar bhonn leanúnach. Chomhlíon an Fhoireann Bainistíochta FET a tiomantas chun taifead de phleananna a choimeád de réir mar a tháinig siad amach, agus chun teagmháil a chaomnú lena bhfoghlaimoirí, leis an bhfoireann, mar aon le páirtithe leasmhara cosúil le QQI, SOLAS, agus comhlachtaí ábhartha eile ar bhonn leanúnach.

An dúshlán a bhí ann do bhainisteoirí Ionad FET agus na foirne iontu ná cén cur chuige a bheadh riachtanach chun seirbhísí oideachais agus oiliúna a sholáthar i Meán Fómhair. Is fiú a lua, murab ionann agus an soláthar dara leibhéal, is iad na foghlaimoirí ar chlár a bhí sna céimeanna tosaigh is mó a bhí thíos leis maidir le deiseanna oideachais a chailliúint agus an tionchar pearsana ar fhoghlaimoirí.

Lena chois sin, tá sé tábhachtach a lua go raibh tionchar suntasach ann ar na foghlaimoirí is leochailí. Sa ghéarchéim seo, is léir gur éirigh leis an iarracht an cailleanas oideachasúil a mhaolú dóibh siúd ag leibhéal 5 agus 6. An tosaíocht a bheidh anois ann ná na foghlaimoirí leochaileacha a mhealladh ar ais san fhómhair, agus a aithint nach leor an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim ar líne don ghrúpa seo. Beidh sé riachtanach múnla don fhoghlaim chumaisc a fhorbairt ina bhfuil tacaíocht shuntasach ann d'fhoghlaimoirí má tharlaíonn sé go n-éilíonn treoirlínte sláinte poiblí nach mbeifear ábalta filleadh ar ranganna aghaidh ar aghaidh ar bhonn lánaimseartha.

Mír 5:

Conclúidí agus Moltaí

Sa mhír seo déanfar achoimre ar na buaicphointí agus ar ar méid a foghlaimíodh ón fhreagairt ar COVID-19 agus cuirfear moltaí ar fáil don Fhoireann Ardbhainistíochta. Is léir go raibh ar an mbainistíocht agus ar an bhfoireann ar fud na heagraíochta freagairt ar ghéarchéim sláinte gan fasach chomh maith le cinntí Rialtais iarmhartacha. Léirigh an bhainistíocht agus an fhoireann solúbthacht agus cruthaitheacht maidir le soláthar oideachais agus oiliúna a chaomhnú, agus tacú leis na daltaí agus le foghlaimoirí fásta a gcuid foghlama a bhainistiú sa bhaile.

5.1. Cumarsáid

Conclúidí

Is léir ón réamhrá ag tús na tuarascála seo go raibh an bhainistíocht agus an fhoireann ag gach leibhéal san eagraíocht ag déileáil le cúnsí gan fasach a bhí ag athrú an t-am ar fad. Bhí sé riachtanach go mbeadh teacht ag an mbainistíocht ar eolas go tráthúil, cinntí a dhéanamh agus cumarsáid a dhéanamh le gach páirtí leasmhar ar bhealach soiléir cruinn, agus eolas a sheachadadh i bhfíor-am. Thuairiscigh na foirne agus lucht bainistíochta sna scoileanna agus agus ns seirbhísí FET go raibh an chumarsáid ó ardbhainistíocht BO&OLU an-éifeachtach maidir le faisnéis a sholáthar, treoracha a thabhairt go soiléir, agus tacaíocht a thabhairt do lucht bainistíochta scoile pleananna riachtanacha a dhéanamh ag leibhéal an ionaid agus tacú leis an bhfoireann go háitiúil.

Baineadh úsáid as Microsoft Teams ag gach leibhéal den eagraíocht agus chabhraigh sé sin go mór leis an straitéis chumarsáide rathúil.

Moltaí

Moltar go leanfar le agus go gcuirfear le húsáid Microsoft Teams ag leibhéal an ionaid agus na scoile chun tacú leis an gcumarsáid idir an gceannoifig agus na scoileanna/hionaid agus laistigh de na scoileanna. Thuairiscigh na múinteoirí gur oibrigh sé go maith i gcás cruinnithe rannóige ábhar, agus dúirt Príomhoidí gur bhain siad úsáid as Teams le haghaidh cruinnithe gairide le grúpaí foirne mar ní raibh gá don fhoireann bheith san fhoirgneamh go fisiciúil.

5.2. Córais TF

Conclúidí

Bhí ról suntasach ag an TF maidir leis an múinteoireacht agus an fhoghlaím a chaomhnú agus chuir sé go mór leis an bhfreagairt rathúil i mBO&OLU. Ba chóir an fhreagairt éifeachtach agus éifeachtúil a chur san áireamh mar aon leis an ról a bhí acu seoladh ríomhphoist a chur ar fáil do gach dalta agus gach teagascóir chun an chumarsáid le daltaí agus le foghlaimoirí fásta a éascú ón tús.

Lena chois sin, chuir múinteoirí agus príomhoidí cur síos ar an aistriú go dtí an mhúinteoireacht ar líne mar athrú ollmhór, mar chuir sé ardán ar fáil do mhúinteoirí a raibh drogall orthu córais TF a chomhtháthú ina gcuid múinteoireachta ó lá go lá. Thuairiscigh go leor múinteoirí, d'ainneoin na deacrachtaí tosaigh maidir leis an múinteoireacht a bhogadh ar líne, bhí na buntáistí do dhaltáí agus do mhúinteoirí soiléir. Ba chóir go gcuirfeadh bainistíocht BO&OLU leis an éifeacht dhearfach seo.

Moltaí

Moltar d'Ardbhainistíocht BO&OLU na rudai a leanas a chur san áireamh:

1. Ardán TF áirithe a cheannach/a úsáid i ngach scoil/ionad. Cuirfidh sé seo leis an méid a baineadh amach go dtí seo agus cuirfidh sé ar chumas na heagraíochta plean straitéiseach a thabhairt isteach chun áiseanna agus scileanna na foirne a fhorbairt maidir le TF a úsáid go héifeachtach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim. Cinneadh criticiúil a bheidh ann an ardán sin a roghnú.
2. Pacáiste frithbhradaíola amháin a thabhairt isteach le haghaidh gach ionad FET. Cuirfidh sé seo ar chumas na foirne seiceáil a dhéanamh ar ábhar na dtascanna a chuirtear isteach ar líne. Cabhróidh sé go mór leis an dualgas QA a chomhlíonadh go mbeidh measúnú cóir agus comhsheasmhach ann. Lena chois sin, spreagfaidh sé na múinteoirí glacadh le buntáiste na TF.
3. Cistiú breise a lorg chun tacú le scoileanna agus le hionaid gléasanna a sholáthar do scoileanna, áit is gá.
4. Cistiú a lorg chun am foirne a leithdháileadh i ngach ionad chun tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don fhoireann agus do dhaltáí chun glacadh go hiomlán leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim ar líne.

5.3. Múinteoireacht agus Foghlaim

Bhí dúshlán suntasach roimh múinteoirí agus foghlaimeoirí nuair a dúnadh na scoileanna agus na hionaid FET le níos lú ná réamhfhógra de 24 uair, agus cuirtear síos orthu i Míreanna 3 agus 4 den tuarascáil seo. Tá roinnt réimsí ar chóir d'Ardbhainistíocht BO&OLU a chur san áireamh agus iad ag ullmhú d'athoscailt na scoileanna agus na n-ionad i Meán Fómhair. Seo a leanas na réimsí sin:

5.3.1. Foghlaim Chumaisc

Conclúidí

Agus na treoirlínte seo á scríobh, níl treoirlínte foilsithe fós ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le hathoscailt na scoileanna agus na n-ionad. Beidh ar an bhFoireann Bainistíochta FET pleananna a chur i gcrích don bhliain acadúil atá ag tosú i Meán Fómhair. Táthar ag plé anois an mhúinteoireacht a roinnt idir 40% ar líne agus 60% sa seomra ranga. Cinneadh tábhachtach a bheidh sa cheann seo a mbeidh impleachtaí suntasacha do mhúinteoirí agus d'foghlaimeoirí araon mar thoradh air.

Tá sé tábhachtach go n-aithneoidh múinteoirí, nach bhfuil na modheolaíochtaí múinteoireacha a oireanna don

seomra ranga i gcónaí oiriúnach don fhoghlaím chumaisc nó ar líne. Deir QQI “ní bheidh taithí foghlama sásúil ag foghlaimeoirí i gcoitinne más é a rud a fhaigheann siad ná acmhainní foghlama, léachtaí agus acmhainní eile a dearadh don mhúinteoireacht aghaidh ar aghaidh agus atá anois á gcur ar líne.” (lch8)²⁰

Tá ga le modheolaíochtaí nua do na modúil ar líne, agus beidh sé riachtanach tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun modhanna múinteoireachta a fhorbairt agus a chur in oiriúint.

Moltaí

Moltar go n-eiseofaídh an Fhoireann Tacaíochta Dearbhú Cáilíochta treoirlínte soiléire don bhainistíocht agus don fhoireann chun a chinntiú go gcuirtear san áireamh Treoirlínte QQI maidir le QA don Fhoghlaim Chumaisc sna cleachtaí múinteoireachta ar líne atá á bhforbairt sa tseirbhís FET. Ba chóir treoirlínte a eisiúint ar mhodhanna múinteoireachta cuí chun iad a chur in oiriúint don mhúinteoireacht ar líne.

5.3.2. Tacaíocht Litearthachta Digiteach do mhúinteoirí

Conclúidí

Luaigh na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh agus iad siúd a chomhlánaigh an suirbhé, an tacaíocht a fuarthas óna mbainistíocht féin ina gcuid ionad. Dúirt siad go raibh tacaíocht ar fáil aon uair a bhí sí ag teastáil agus gurbh fhoinsé iontach tacaíochta mothúcháin agus piaraí iad na comhghleacaithe.

Cé go ndearnadh an chuid is mó den fhoireann iarracht shuntasach an mhúinteoireacht a bhogadh ar líne, ba léir ó aiseolas a fuarthas ón mbainistíocht agus ón bhfoireann go raibh baill foirne ann “nach féidir” nó “nach n-úsáidfídh” an teicneolaíocht. Beidh sé riachtanach go bpléifídh an bhainistíocht é seo le baill foirne nach bhfuil sásta obair le teicneolaíocht mar chuid de mhodheolaíochtaí múinteoireachta. Beidh gá tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí atá sásta obair leis an teicneolaíocht ina gcuid gnáthchleachtais ach a bhfuil gá acu le tacaíochtaí agus oiliúint bhreise.

Moltaí

- Clár tacaíochta lena n-áirítear deiseanna oiliúna inseirbhíse a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do theagascóirí.
- Cás-Staidéir ar an nuálaíocht maidir le seachadadh curaclaim a dhéanamh agus a scaipeadh go forleathan i measc na foirne múinteoireachta agus teagaisc chun feasacht a ardú ar láidreachtaí na foghlama cumaisc agus ar na srianta atá ann do mhórán foghlaimeoirí.
- Tacaíocht dhigiteach mar oiliúint agus rochtain ar ghléasana a chur san áireamh d’foghlaimeoirí fásta, go háirithe iad siúd is mó a bhí buailte nuair a dúndadh na hionaid ar dtús.

20 Treoirlínte Reachtúla maidir le Dearbhú Cáilíochta do Sholáthróirí Clár Foghlama Chumaisc QQI 2018

5.4. Tionchar ar Fhoghlaimeoirí

Conclúidí

Sna hagallaimh go léir a rinneadh leis an bhfoireann múinteoireachta, ba chúis imní líon na bhfoghlaimeoirí a dhiúltaigh páirt a ghlacadh sa phróiseas tar éis na Cásca. Gan suirbhé iomlán, is deacair na huimhreacha a chainníochtú. Mar sin féin, léirigh an fhoireann go léir go raibh roinnt athróga ann a chuaigh i bhfeidhm ar rannpháirteachas daltaí agus foghlaimeoirí fásta. Bhí roinnt daltaí ag streachailt toisc nach raibh gléas acu nó nach raibh sé maith go leor, i roinnt cásanna bhí siad ag roinnt gléas le siblíní, chomh maith leis na srianta a bhaineann le leathanbhanda tuaithe. Bhí daoine eile ag streachailt leis an bhfoghlaim féindírthe gan tacaíochtaí rialta a bhíonn ann de ghnáth i scoileanna agus in ionaid FET.

D'aithin múinteoirí agus bainistíocht scoile freisin go ndeachaigh an dúnadh i bhfeidhm ar na daltaí go léir ach go raibh tionchar díréireach aige ar dhaltaí faoi mhíbhuntáiste agus orthu siúd a raibh riachtanais oideachais acu.

Cé go bhfuil an anailís seo in Míreanna 3 agus 4 bunaithe ar fhianaise starógach, tá sé ag teacht le torthaí na tuarascála ESRI²¹ *“bhí tionchar ag an aistriú go dtí an chianfhoghlaim ar rannpháirteachas daltaí”* (lch83). Ciallaíonn sé sin, i gcás líon mór de dhaltaí, bhí tionchar suntasach ar a gcuid forbartha oideachais agus sóisialta. Tá bainisteoirí scoile ag iarraidh é seo a chur san áireamh anois agus iad ag pleanáil don bhliain scoile nua.

Beidh sé deacair do mhórán daltaí filleadh ar an scoil agus feidhmiú mar is gnáth, nuair nach raibh an struchtúr scoile acu le sé mhí. Beidh sé riachtanach go gcuirfidh bainistíocht na scoileanna é seo san áireamh agus iad ag pleanáil na scoileanna a athoscailt. Lena chois sin, beidh gá do mhúinteoirí bheith aireach nach mbeidh an obair críochnaithe ón mbliain roimhe sin ag daltaí atá ag dul isteach i mbliain nua, agus go mbeidh laigí ann i mbunús a gcuid foghlama in ábhair éagsúla.

Sa soláthar FET, bhí tionchar suntasach ar fhoghlaimeoirí leochaileacha agus beidh sé ina dhúshlán don tseirbhís na foghlaimeoirí seo a spreagadh chun dul i mbun foghlama nuair a osclaíonn an tseirbhís arís. Bhain tábhacht leis an straitéis an teagmháil a chaomhnú leis na grúpaí seo le linn an dúnaidh agus tacóidh sé leis an bhfilleadh ar an bhfoghlaim.

Moltaí

- Beidh gá le ceardlanna staidéir agus dul siar a dhéanamh don chéad mhí chun go mbeidh bunús cothrom ann nuair a chuirfear tús leis an gcuraclam don bhliain scoile nua. Seachas sin, beidh mórán daltaí ag tosú amach faoi mhíbhuntáiste agus rachaidh an scéal chun donais de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh. Arís, beidh tionchar díréireach ann ar na daltaí is leochaílí. Is rud é seo a aithníonn Príomhoidí go maith agus iad i mbun pleanála d'athoscailt na scoileanna i Meán Fómhair.
- Ní mór straitéisí a phleanáil a chabhróidh le daltaí leochaileacha páirt a ghlacadh arís i gcúrsaí cosúil leis an LCA, LCV, agus Ógtheagmháil chun iad a spreagadh filleadh ar an scoil i Meán Fómhair. Arís, beidh sé riachtanach go ndéanfaidh múinteoirí agus teagascóirí dul siar ar an obair a cailleadh le linn na sé mhí a bhí na scoileanna dúnta roimh tosú ar obair nua.
- Ní mór straitéisí a phleanáil a chabhróidh le foghlaimeoirí fásta páirt a ghlacadh arís ag leibhéal 2-4 a raibh tionchar suntasach orthu de bharr deireadh tobann a bheith curtha ar a gcúrsaí.

21 Gach duine ag Foghlaim? Oideachas Dara Leibhéal le linn COVID-19 in Éirinn ERSI 22 Iúil 2020

5.5. Nuálaíocht agus Forbairt

Conclúidí

D'ainneoin na ndúshlán a bhí roimh an soláthar FET nuair a dúnadh na hionaid FET mar atá leagtha amach i Mír 4, d'fhorbraigh BO&OLU clár nua ar líne in Cosc agus Rialú Ionfhabhtuithe mar fhreagairt ar ghlaoh FSS le haghaidh foirne breise. Ba shuntasach an fhobairt í seo agus comhoibriú idir foireann BO&OLU agus soláthróir oiliúna ar conradh a bhí i gceist. D'fhreastail an clár ar thorthaí foghlama mhodúil Leibhéal 5 ach bhí sé ag díriú go sonrach ar fhaisnéis a bhfuil gá léi chun bheith ag obair i dtimpeallacht COVID-19.

Bhí an-éileamh ar an glcár ar chúiseanna éagsúla – bhí an chuid is mó de na hiarratasóirí ag iarraidh fostaíocht a fháil, bhí daoine eile ag iarraidh obair dheonach a dhéanamh le linn na paindéime, agus bhí suim ag daoine eile arís i gcúrsaí rialaithe ionfhabhtuithe de bharr na paindéime. Tá seacht gcúrsa curtha ar fáil ag BO&OLU go dtí seo, agus bhí 130 rannpháirtithe san iomlán. Ina dhiaidh sin, chuir roinnt BO&O eile an clár ar fáil chun freastal ar an éileamh go náisiúnta. Chuir BO&OLU an clár ar fáil do roinnt BO&OLU eile chun freastal ar an éileamh go náisiúnta. Suas go dtí babhta teastasaithe mhí Iúil, tá measúnuithe críochnaithe ag 82 foghlaimeoir i mBO&OLU agus tá siad curtha isteach acu chun críche teastasaithe, agus tá roinnt foghlaimeoirí fós i mbun measúnuithe a chríochnú. Seoladh suirbhé chuig rannpháirtithe ar na cláir agus dúirt 75% díobh siúd a d'fhreagair go raibh fostaíocht acu faoi láthair.

Nuálaíocht eile ba ea an comhoibriú le UFT, le SOLAS agus le Grow Remote, chun dhá chlár oiliúna nua ar líne a fhorbairt go náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm acu acmhainn agus ábaltacht a fhorbairt dóibh siúd ar mhian leo bheith ina gcianoibrithe agus dóibh siúd atá ina gCianoibrithe agus ina Bainisteoirí Líne go náisiúnta.

Moltaí

Forbairtí suntasacha a bhí sa dá chlár ar líne seo agus ba chóir do BO&OLU cur leo chun

1. Clár nua Leibhéal 5 Sainchuspórta a chruthú agus é a chur faoi bhráid QQI chun críche bailíochtaithe.
2. An Clár do Chianoibrithe a leathnú amach ar fud na tíre trí líonra na mBO&O.

5.6. Bainistíocht agus Tacaíocht COVID-19

An dúshlán atá anois ann d'ardbhainistíocht BO&OLU agus do bhainistíocht na scoileanna agus na n-ionad ná conas na scoileanna agus na hionaid a oscailt ar bhealach a chinnteoidh sláinte agus sábháilteachta na foirne agus na ndaltaí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar na treoirlínte sláinte poiblí atá ann faoi láthair agus an tuarascáil seo á scríobh (Iúil) agus beidh treoirlínte níos mionsonraithe ag teacht amach. Beidh plean difriúil ann do gach ionad mar beidh tionchar ar an méid spáis atá ann ar líon na ndaltaí / na bhfoghlaimeoirí fásta ar féidir freastal orthu go sábháilte. I gcás roinnt scoileanna agus ionad, beidh dúshlán níos mó i gceist ná d'ionaid eile. Lena chois sin, beidh gá le baill foirne breise chun ranganna níos lú a mhúineadh agus chun ionadaíocht a dhéanamh do bhaill foirne nach féidir filleadh ar an obair. Beidh gá le foireann glantacháin breise chun freastal ar chaighdeán shláinte agus shábháilteachta.

Moladh

Moltar go ndéanfaidh Ardbhainistíocht BO&OLU athbhreithniú ar gach áitreabh scoile agus ionaid chun na himpleachtaí a dheimhniú maidir le méid na ranganna agus na ngrúpaí de réir na dtreoirlínte nua a bheidh ag teacht amach ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Beidh gá le plean mionsonraithe le haghaidh gach ionaid má tá bearna suntasach idir na huimhreacha ar féidir freastal orthu agus líon na ndaltaí a bheidh ag filleadh.

Beidh sé riachtanach socruithe malartacha a fhorbairt don mhúinteoireacht agus don fhoghlaím i ngach scoil agus ionad i gcásanna mar sin.

AGUISÍN 1: TÉARMAÍ TAGARtha DON ATHBHREITHNIÚ AR CHUR CHUIGE BO&O LAOISE UÍBH FHAILÍ MAIDIR LE COVID-19

Téarmaí Tagartha

Is é cuspóir an athbhreithnithe seo scrúdú córasach a dhéanamh ar fhreagairt Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise Uíbh Fhailí (BO&OLU) maidir leis na dúshláin ó Covid-19 agus cinneadh an Rialtais na seirbhísí a dhúnadh.

San athbhreithniú déanfar na rudaí seo a leanas:

- Na dúshláin a aithint a bhí ann don eagraíocht de bharr na n-athruithe gan choine a d'eascair as treoir an Rialtais
- Gníomhartha na hardbhainistíochta chun dul i ngleic leis na dúshláin seo a aithint
- Gníomhartha na hardbhainistíochta agus na foirne múinteoireachta chun dul i ngleic leis na dúshláin seo a aithint chun an mhúinteoireacht agus an fhoghlaim a aistriú ón modh díreach go dtí an mhúinteoireacht ar líne agus an chianfhoghlaim
- Scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a bhí ann don bhainistíocht agus don fhoireann, agus ar na gníomhartha a rinneadh chun na córais riaracháin a bhogadh ar líne
- Na deaforbairtí a aithint a d'eascair as an bplean bainistíochta géarchéime a cuireadh i bhfeidhm
- Na ceachtanna a fhoghlaimíodh as an taithí seo a aithint mar aon leo siúd a úsáidfear anois mar ghnáthchleachtadh.
- Scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na gníomhartha a rinneadh chun tacaíocht a sholáthar d'fhoghlaimeoirí sa mhodh nua múinteoireachta agus foghlama seo
- Scrúdú a dhéanamh ar na torthaí a bhí ann d'fhoghlaimeoirí sa bhreiseoideachas agus na pátrúin coinneála agus teastasú i mbliana a chur i gcomparáid le 2019.
- Scrúdú a dhéanamh ar phróifíl na bhfoghlaimeoirí ar éirigh leo a gcúrsa a chríochnú agus iad siúd a tharraing amach ar a gcúrsa chun a dheimhniú an raibh aon chomhfachtóir nó pátrúin i gceist, agus na ceachtanna ar féidir a aithint, más ann dóibh.

Modheolaíocht

- Taighde deisce ag déanamh athbhreithnithe ar na cáipéisí ábhartha go léir
- Agallaimh aonair le daoine ábhartha san Fhoireann Ardbhainistíochta agus ar fud na trí piléar san eagraíocht, OSD, FET agus Dara Leibhéal
- Scrúdú a dhéanamh ar shonraí maidir le torthaí foghlama agus torthaí suirbhé a rinne foghlaimeoirí chun a dheimhniú cad é a d'oibrigh go maith d'fhoghlaimeoirí agus cad nár oibrigh. Anailís a sholáthar ar phróifíl na bhfoghlaimeoirí a chríochnaigh a gclár agus a meánuithe, agus orthu siúd a tharraing amach as an bpróiseas toisc gur aistríodh na próisis ar líne.
- D'fhéadfadh sé go mbeidh sé riachtanach suirbhé gearr a dhéanamh le bail foirne agus le foghlaimeoirí eile.

Toradh

Tuarascáil don ardbhainistíocht a leagann amach na dúshláin, na ceachtanna agus an méid a baineadh amach agus na ceachtanna a d'fhoghlaim an ardbhainistíocht agus an fhoireann óna bhfreagairt, agus na gníomhartha a aithint ar féidir iad a chur i bhfeidhm amach anseo.

Achar Ama

Tá sé i gceist dréacht-tuarascáil a sheachadadh in tréimhse sé seachtaine.

Agallaimh aon le haon

Déanfar agallaimh aon le haon ar Teams. Tosófar leis na cleachtóirí agus bogfar ar aghaidh ansin go dtí an bhainistíocht i ngach ceann de na hearnála faoi seach. Déanfar an t-agallamh leis an bPríomhfheidhmeannach ag deireadh an phróisis chun go mbeidh an plé ábalta díriú ar na cinntí, ar an méid a baineadh amach, ar na ceachtanna agus ar na himpleachtaí.

SMT Príomhfheidhmeannach

OSD Stiúrthóir

Soláthar Scoile: Stiúrthóir, 2 Príomhoide agus beirt mhúinteoirí

Soláthar Breisoideachais (FET):

Stiúrthóir FET, 2 bainisteoir ionaid, ceann amháin ó Choláiste Breisoideachais agus ceann amháin ó Ionad Breisoideachais

Bainisteoir QA

Beirt cleachtóirí, teagascóir amháin agus múinteoir amháin


Dearcadh an Fhoghlaimora: Athbhreithniú a dhéanamh ar an suirbhé d'fhoghlaimoirí a rinneadh le déanaí agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá tuilleadh caidrimh a bheith ann le foghlaimoirí.

AGUISÍN 2: RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT BO&OLU MAIDIR LE DEARBHÚ CÁILÍOCHTA (QA)

Tá tionscadal ar bun faoi láthair chun struchtúir, polasaithe agus nósanna imeachta nua a fhorbairt chun rialachas a bhainistiú ar dhearbhú cáilíochta ar aon dul le riachtanais Treoirínte Eanála nua QQI maidir le Dearbhú Cáilíochta. De réir mar a fhorbraítear agus mar a fhaomhtar struchtúirí nua, foilseofar anseo iad.

Na Struchtúirí atá ann faoi láthair maidir le Rialachas agus Bainistíocht a dhéanamh ar Dhearbhú Cáilíochta


Oibríonn struchtúirí rialachais reatha i mBO&OLU ag leibhéal an BO&O agus ag leibhéal an ionaid araon. Déanann Bord ar a bhfuil 21 comhalta BO&OLU a rialú, agus is ag an bPríomhfheidhmeannach (PF) atá an fhreagracht dheiridh maidir le maoirseacht a dhéanamh ar FET agus ar na polasaithe agus ar na nósanna imeachta atá aige a bhaineann le dearbhú cáilíochta. Tá an Stiúrthóir FET freagrach don PF agus is aige atá an fhreagracht oibríochta chun seirbhísí agus gníomhaíocht FET a chomhordú agus a bhainistiú, agus tá sé freagrach as breisoideachas agus oiliúint ardchaighdeán agus freagrúil a phleanáil agus a sholáthar chomh maith le rialachas agus bainistíocht breisoideachais, chomh maith le Foireann Bainistíochta FET a chomhordú agus freagracht a ghlacadh don phleanáil fhórsa saothair agus don bhainistíocht ar fheidhmiúchán.



Ar an bhFoireann Bainistíochta FET tá an Stiúrthóir FET agus bainisteoirí a bhfuil freagrachtaí soiléire acu maidir leis an tSeirbhís FET. Tugann na bainisteoirí tuairisc don Stiúrthóir FET go díreach. Sa léaráid thíos feictear an struchtúr reatha maidir le bainistíocht líne /struchtúr tuairiscithe i Seirbhísí FET BO&OLU.

Struchtúr Rialachais maidir le dearbhú cáilíochta sa earnáil FET

Tá Struchtúr Rialachais an BOO leagtha amach ag seo thíos.



COVID REPORT 2020



Aontas Eorpach
Ag infheistiú i do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

www.loetb.ie